



TREORACHA
CLILSTORE
DO MHÚINTEOIRÍ

Arna chomhordú ag
Ana Gimeno, Caoimhín Ó Dónaill
agus **Rasa Zygmantaite**
Tionscadal: Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL

Tá an leabhar seo arna chomhordú ag Ana Gimeno (Universidad Politécnica de Valencia), Caoimhín Ó Dónaill (Ollscoil Uladh) agus Rasa Zygmantaite (Marijampolės profesinio rengimo centras) le comhar ó chomhpháirtithe ar an tionscadal *Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL*.

- Kent Andersen (Syddansk Erhvervsskole Odense-Vejle College)
- Cecilia Leboeuf (Syddansk Erhvervsskole Odense-Vejle College)
- Helle Lykke Nielsen (University of Southern Denmark)
- Omar Dhahir (University of Southern Denmark)
- Caoimhín Ó Dónaill (Sabhal Mòr Ostaig)
- Gordon Wells (Sabhal Mòr Ostaig)
- Maria João Marçalo (Universidade de Évora)
- Ana Alexandra Silva (Universidade de Évora)
- Neil Comer (University of Ulster)

CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ	4
1.1	CAD IS FOGHLAIM CHOMHTHÁITE ÁBHAR AGUS TEANGA ANN?	4
1.2	CONAS IS FÉIDIR LEIS AN TIONSCADAL UIRLISÍ DO MHÚINTEOIRÍ CLIL CABHRÚ LEAT?	5
1.3	ACHOIMRE GHAIRID AR CLILSTORE, MULTIDICT AGUS WORDLINK	7
1.4	AN FHEIDHM MULTIDICT IN CLILSTORE A THUISCINT	13
2	CÁS-STAIÉIR	15
2.1	OIDEACHAS AOSACH	15
2.2	GAIRMOIDEACHAS	22
2.3	ARDOIDEACHAS	25
3	CONAS AONAD FOGHLAMA CLILSTORE A CHRUTHÚ	32
3.1	BUNCHÉIMEANNA	33
3.2	ARDCHÉIMEANNA	37
3.3	FÍSEÁIN ‘DÉAN FÉIN É’ DO MHÚINTEOIRÍ AGUS DO MHIC LÉINN	39
4	CEAHT CLIL A PHLEANÁIL	40
5	TUILLEADH FAISNÉISE	42
5.1	TORTHAÍ AN TIONSCADAIL	42
5.2	ACMHAINNÍ	43
5.3	TUILLEADH LÉITHEOIREACHTA	43
5.4	TAGAIRTÍ	44
5.5	GLUAIS	44
5.6	ADMHÁLACHA	45
5.7	COMHPHÁIRTITHE TIONSCADAIL	46

1 • RÉAMHRÁ

Sna codanna seo a leanas, déanfaimid cur síos ar cad is Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL) ann, dar linn, agus ar an dóigh ar féidir leis an tionscadal *Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL*, atá maoinithe ag an AE, cabhrú leat ó thaobh cleachtas teagaisc de. Ar deireadh, déanfaimid cur síos gairid ar dhá cheann de na háiseanna is tábhachtaí in **Clilstore**; is iad sin, *Multidict agus Wordlink*.

1.1 CAD IS FOGHLAIM CHOMHTHÁITE ÁBHAR AGUS TEANGA ANN?

Tugadh aitheantas **d’Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga** mar mhodh teagaisc i dTeachtaireacht Uimh. 449 maidir le Foghlaim Teanga agus Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach: Plean Gníomhaíochta 2004 – 2006, a foilsíodh sa bhliain 2003 [1]. Luaitear sa doiciméad sin:

Is féidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL), ina bhfoghlaimíonn mic léinn ábhar trí theanga iasachta, cur go mór le spriocanna foghlama teanga an Aontais a bhaint amach. Is féidir léi deiseanna éifeachtacha a thabhairt do mhic léinn chun leas a bhaint as a scileanna nua teanga san am i láthair; in ionad na scileanna sin a fhoghlaim anois lena n-úsáid níos déanaí. Tugann sí deiseanna teanga do raon foghlaimeoirí níos mó, ag cothú féinmhuiníne i measc foghlaimeoirí óga agus na ndaoine siúd nár fhreagair go maith do threoir fhoirmiúil teanga san oideachas ginearálta. Cuireann sí daoine i dteagmháil leis an teanga gan am breise sa churaclam a bheith ag teastáil, rud a d’fhéadfadh a bheith ábhartha go háirithe i suímh ghairmoideachais. Is féidir cineálacha cur chuige a bhaineann le CLIL a éascú trí leas bhaint as múinteoirí oilte ar cainteoirí dúchais na teanga ceangail iad. (lch 8)

Liostaítear roinnt tograí freisin le haghaidh gníomhartha ar leibhéal Eorpach, agus cuirfidh na tograí sin le tionscnaimh atá ar siúl sna Ballstáit féin. Áirítear leis na tograí sin CLIL a chur chun cinn sna bealaí seo a leanas:

- 1.2.4 Maoineoidh clár Socrates – Lingua action 2 sraith tionscadal trasnáisiúnta le haghaidh modhanna nua sainiúla a fhorbairt agus a scaipeadh i leith ábhair a theagasc trí theangacha nach lingua franca (teangacha ceangail) iad. [...]
- 1.2.5 Molfaidh an Coimisiún go ndéanfar leasú ar Ghlaoch Socrates ginearálta ar Thograí [...] ionas go méadófar an tacaíocht atá ar fáil do scoileanna ar mian leo cur chuige a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga a thabhairt isteach. Go háirithe, spreagfar malairtí múinteoirí níos faide idir scoileanna ar comhpháirtithe iad.
- 1.2.6 D’fhonn staidéar nua a sheoladh ar na tairbhí a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga, tionólfar comhdháil Eorpach don lucht déanta cinntí agus do chigirí.
- 1.2.7 Déanfaidh Aonad Eurydice na hEorpa faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh ar a infhaighte atá Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga i gcórais oideachais agus oiliúna na hEorpa, bunaithe ar na sonraí atá bailithe ag Lónra an Aonaid.

Mar is léir dúinn, tá iarrachtaí á ndéanamh chun rud forleathan a dhéanamh de CLIL i mBallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) mar gheall ar an gcreideamh láidir atá ann nach é amháin go mbeidh an cur chuige sin ina bhuntáiste d’ábhar ar leith, ach go mbeidh sé ina chreat freisin le haghaidh úsáid bhríoch a bhaint as teanga iasachta le linn céim oideachais ar leith.

De réir bheartas an AE i leith ilteangachais, is é atá i gceist le CLIL ná ábhar curaclaim a theagasc trí theanga nach í an teanga a úsáidtear de ghnáth. Ní gá go mbeadh baint ag an ábhar le foghlaim teanga, mar atá amhlaidh mar shampla i gcás ábhar innealtóireachta a theagasctar trí Bhéarla in ollscoil de chuid na Spáinne. Tá CLIL i bhfeidhm agus meastar go bhfuil sí éifeachtach i ngach earnáil oideachais – idir an bunoidreachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas. Tá sí ag fás le deich mbliana anuas agus bíonn sí ag fás i gcónaí.

Ní múinteoirí traidisiúnta teanga iad múinteoirí CLIL - is saineolaithe ina ndisciplín ar leith iad. Cainteoirí líofa na sprioctheanga, cainteoirí dátheangacha nó cainteoirí dúchais is ea formhór na múinteoirí. I mórán institiúidí, oibríonn múinteoirí teanga i gcomhpháirt le ranna eile d'fhonn CLIL a chur ar fáil in ábhair éagsúla. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbíonn eolas nua á ghnóthú ag an bhfoghlaiméir faoin ábhar agus iad ag teagmháil leis an teanga iasachta agus ag úsáid agus ag foghlaim na teanga eachtraí ag an am céanna. Is minic a bhíonn na modhanna agus na cineálacha cur chuige a úsáidtear nasctha leis an réimse ábhair. Is é an t-ábhar a threoraíonn na gníomhaíochtaí. [2]

Is féidir roinnt tairbhí éagsúla teacht as an gcur chuige ilghnéitheach a úsáideann CLIL. Déanann an cur chuige sin na nithe seo a leanas:

- forbraíonn sé eolas agus tuiscint idirchultúrtha
- cuireann sé le scileanna idirchultúrtha cumarsáide
- cuireann sé feabhas ar inniúlacht teanga agus ar scileanna cumarsáide ó bhéal
- forbraíonn sé spéiseanna agus dearcthaí ilteangacha
- soláthraíonn sé deiseanna chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar ar bhealaí éagsúla
- cuireann sé foghlaiméirí i dteagmháil níos gaire leis an sprioctheanga
- ní theastaíonn uaireanta breise teagaisc uaidh
- comhlánaíonn sé ábhair eile - ní théann sé san iomaíocht leo
- baineann sé leas as modhanna agus as cineálacha éagsúla cleachtais sa seomra ranga
- méadaíonn sé spreagadh agus féinmhuinín na bhfoghlaiméirí sa teanga agus san ábhar atá á theagasc araon.

Sna codanna seo a leanas, feicfidimid conas is féidir le **Cilistore** cuidiú leis na tairbhí thuas a bhaint amach.

1.2 CONAS IS FÉIDIR LEIS AN TIONSCADAL UIRLISÍ DO MHÚINTEOIRÍ CLIL CABHRÚ LEAT?

Tá seirbhís ar líne saor in aisce cruthaithe ag an tionscadal *Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL*, áit ar féidir le múinteoirí teanga aonaid foghlama ilmheán atá saibhir ó thaobh ábhair de a chumadh agus a roinnt le chéile. Is é atá sna haonaid sin ná fuaim, físeán (e.g. ó YouTube), téacs (e.g. tras-scríbhinn) agus íomhánna/grafaicí atá roghnaithe ag an gcruthaitheoir féin. Ní gá bogearraí a shuiteáil ná a chumrú. Is é atá sna huirlisí cumadóireachta ná gné nuálach ar leith d'fheidhmiúlacht i.e. an cumas chun gach focal i dtéacs ar leith a nascadh go huathoibríoch le foclóirí ar líne i mbreis agus 100 teanga.

Beidh de rogha ag an múinteoir an leathanach Gréasáin lena mbaineann a roinnt ar líne ó stór an chórais nó nasc leis an leathanach Gréasáin lena mbaineann a roinnt ar shuímh Ghréasáin, trí ríomhphost nó trí Thimpeallachtaí Fíorúla Foghlama (VLE) institiúideacha, mar shampla. Is é an ghné is fearr den chóras seo ná nach gá eolas teicniúil a bheith agat ar fhoilsitheoireacht FTP/URL ná ar fhoilsitheoireacht ar líne.

Tugann an tseirbhís ar líne deis chun aonaid foghlama a chumadh ar ghléasanna soghluaiste (e.g. an iPad) agus tá sí comhoiriúnach le gach córas oibriúcháin (Linux, Windows, MacOS, Unix etc.). Is féidir na hábhair foghlama a rochtain agus a úsáid ar fhóin chliste freisin. D'fhéadfaí ábhair a chumadh ar fhóin chliste freisin. Mar gheall ar an gcumas atá ann chun ábhair foghlama a rochtain ar fhóin chliste, tá súil againn go spreagfaidh sé sin múinteoirí ábhair a chruthú.

Tá éascaíocht úsáide an chórais chun tairbhe do mhúinteoirí teangacha príomhsrutha freisin agus is féidir ábhair uathúla VOLL (Foghlaim Teanga arna Díriú ar Ghairmeacha) agus CLIL san LWUTL (Teangacha nach nÚsáidtear agus nach dTeagasctar go Forleathan) a chruthú. Tugadh Araibis isteach le déanaí agus freastalaíonn sí ar spriocghrúpa mór a theagascann agus a fhoghlaimíonn an teanga - agus is spriocghrúpa é sin a bhíonn ag fás i gcónaí.

I gcás an chórais ar líne - is é sin, na huirlisí chun ábhar a chumadh agus an stór ábhar - táimid cinnte go mbeidh sé chun tairbhe ollmhór d'institiúidí oideachais agus d'fhoghlaimoirí araon, go háirithe toisc gur seirbhís saor in aisce agus foinse oscailte é (i.e. chun í a fhorbairt arís eile sa todhchaí). Rud tábhachtach, toisc nach dteastaíonn ardchumas próiseála sonraí ná ard-bhandaleithead uathu, is féidir na huirlisí cumadóireachta agus an t-ábhar a chruthaítear a úsáid ar ghléasanna neamhchostasacha soghluaiste agus ar sheanríomhairí. Gné tábhachtach de ghlacadh na teicneolaíochta is ea sin, mar nach nglactar leis go mbeidh ar úsáideoirí deiridh crua-earraí nua a cheannach nó na crua-earraí atá acu faoi láthair a uasghrádú ar mhaithe le leas a bhaint as an tseirbhís. Is minic a chuireann costais faoi cheilt den sórt sin cosc ar ghlacadh na nuatheicneolaíochta agus cuireann siad frustrachas ar úsáideoirí deiridh a d'fhéadfadh a bheith ann – is é sin le rá, na daoine a aithníonn na tairbhí a bhaineann leis an nuatheicneolaíocht.



1.3 ACHOIMRE GHAIRID AR CLILSTORE, MULTIDICT AGUS WORDLINK

Sna codanna seo a leanas, déanfaimid cur síos ar Clilstore agus ar a dhá uirlis chomhtháite, Multidict agus Wordlink. Is féidir gach ceann de na trí fheidhmchlár a rochtain ar líne ag multidict.net.



Clilstore

- Students: Find language videos at your level on various topics, with transcripts where every word is linked to a choice of online dictionaries in your own language
- Teachers: Create, store and organise multimedia wordlinked learning units for use by students

Wordlink

- Link (mostly) any webpage automatically word-by-word to online dictionaries in a choice of languages

Multidict

- Find and switch easily between online dictionaries in many languages

This project has been funded with support from the European Commission. Disclaimer: This publication reflects the views only of the author, and the Commission cannot be held responsible for any use which may be made of the information contained therein.


Fíor 1. Is féidir teacht ar leathanach Gréasáin **Clilstore** ag <http://multidict.net>

CLILSTORE

Suíomh ilghnéitheach is ea **Clilstore** agus (i) freastalaíonn sé ar mhúinteoirí ar mian leo aonaid ilmheán foghlama teanga a chruthú nó a aimsiú, rudaí is féidir leo a úsáid lena gcuid mac léinn, agus (ii) cuireann sé stór aonad foghlama teanga ar fáil i roinnt teangacha éagsúla, rudaí is féidir le mic léinn a rochtain go díreach agus a úsáid go neamhspleách. Is féidir le mic léinn clárú mar údair freisin agus aonaid a chruthú agus a roinnt ina dhiaidh sin. Tá rochtain oscailte ar an stór aonad atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, más mian leo na haonaid atá ann faoi láthair a úsáid, ní gá do mhúinteoirí ná do mhic léinn clárú leis an tseirbhís sular féidir leo féachaint ar na hábhair nó iad a úsáid. Más mian le duine aonaid a chruthú, ní mór dóibh clárú agus a sheoladh ríomhphoist a fhíorú. Ceapadh an comhéadan cumadóireachta chun bheith furasta le húsáid. Mar sin féin, moltar d'úsáideoirí nua na treoracha céim ar chéim atá ar fáil ar www.languages.dk/tools a úsáid agus, más féidir é, leas a bhaint as an iomad ceardlann oiliúna a réachtálann foireann TOOLS (tá sonraí faoi na ceardlanna ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail). Is ar ábhair ilmheán a tharraingítear aird in aonaid **Clilstore**, is é sin, úsáidtear meascán de na nithe seo a leanas chun cleachtaí idirghníomhacha teanga etc. a chruthú agus a roinnt - físeán, fuaim, íomhánna, téacs, hipearnaic agus teicneolaíochtaí tánaisteacha tacaíochta. Ba chóir go mbeadh méid suntasach téacs in aonaid foghlama teanga **Clilstore** ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint astu. Tá sé sin amhlaidh toisc gurb é ceann de na fáthanna atá taobh thiar dá uathúlacht mar sheirbhís uathúil foghlama teanga ná an dóigh a gcaitheann bogearraí **Clilstore** le téacsanna atá leabaithe. Tar éis cnaipe a bhrú, nasctar gach focal go huathoibríoch le *Multidict*, arb é ár gcomhéadan uathúil foclóra é. Tar a éis sin, cuirtear foclóirí ar líne ar fáil i níos mó ná 100 teanga don fhoghlaimeoir, a ligeann dóibh téacsanna a scrúdú ar a luas féin agus de réir na riachtanas atá acu mar fhoghlaimeoir.

MULTIDICT


Is comhéadan saorsheasaimh foclóra ar líne é *Multidict*, atá ar fáil ag multidict.net nó go díreach ag multidict.net/multidict. Ach freastalaíonn sé freisin ar gach ceann de na teaglaim teanga atá ar fáil in aonaid foghlama teanga **Ciilstore**. Chomh luath agus a chliceálann úsáideoirí aonaid **Ciilstore** ar fhocail i dtéacsanna atá leabaithe, osclófar comhéadan *Multidict* in aice le haonad **Ciilstore**, rud a thugann rochtain éasca d'fhoghlaimoír ar fhoclóirí. Beidh roinnt foclóirí éagsúla ar líne ar fáil i gcás an chuid is mó den bhreis agus 100 teanga a bhfreastalaíonn *Multidict* orthu. Mura mbíonn an foghlaimoír sásta leis an gcéad toradh óna gcuardach (atá déanta acu trí chliceáil ar fhocal i dtéacs atá leabaithe), mar sin, bíonn sé furasta dóibh féachaint ar fhoinsé eile trí í a roghnú ó roghchlár anuas de na foclóirí atá ar fáil nó trí chliceáil ar na deilbhíní foclóra, gan gá a bheith ann leis an téarma cuardaigh a iontráil arís. Freastalóidh *Multidict* ar chomhairliúchán dátheangach idir péirí teangacha nach bhfuil foclóir clóite ar fáil ina leith (e.g. Gaeilge na hÉireann go Gaeilge na hAlban).



Fíor 2. Comhéadan saorsheasaimh Multidict.

1. Réimse ina n-iontráiltear an focal.
2. Péirí teangacha: teanga fhoinseach agus sprioctheanga.
3. Rogha foclóirí ar líne. Is féidir iad a roghnú ó roghchlár anuas nó ó dheilbhíní.
4. Comhéadan an fhoclóra roghnaithe ina bhfuil an t-aistriúchán.

Tá sé tábhachtach an foclóir is oiriúnaí don téarma sin a roghnú. Gabhann láidreachtaí agus laigí le gach foclóir. I gcás nach féidir teacht ar an bhfocal i bhfoclóir ar leith, is féidir foclóir eile a roghnú ón roghchlár anuas nó ó na deilbhíní foclóra.



Fíor 3. Fráma nascleanúna Wordlink.

WORDLINK

Is féidir le Wordlink formhór na leathanach Gréasáin a nascadh focal ar fhocal le foclóirí ar líne. Is iad na bogearraí a éascaíonn nascadh uathoibríoch gach focail le téacsanna atá leabaithe in aonaid foghlama teanga Clilstore agus is féidir iad a úsáid freisin mar uirlis saorsheasaimh atá ar fáil ag multidict.net nó go díreach ag multidict.net/wordlink d'fhoghlaimoírí ar mian leo féachaint ar fhoclóirí ar líne de réir mar a léann siad na leathanaigh Ghréasáin.

Nuair a bhítear ag úsáid *Wordlink* mar uirlis saorsheasaimh chun gach ceann de na focail ar leathanach Gréasáin ar leith a nascadh leis na foclóirí ar líne atá ar fáil ó *Multidict*, is é an chéad rud nach mór a dhéanamh ná teanga an leathanaigh a roghnú ó roghchlár anuas. Tar a éis sin, ní mór dúinn URL an leathanaigh Ghréasáin ar mian linn nascadh leis a ghreamú isteach sa réimse cuí agus cliceáil ar “Go” (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 1 d’Fhíor 4 thíos). Ligeann sé sin dúinn cliceáil ar cheann ar bith de na focail atá sa téacs agus féachaint ar an bhfocal sin in *Multidict* (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 3 d’Fhíor 4). Mar is léir dúinn san Fhíor thíos, is é an focal ar cliceáladh air sa téacs ná “considerado”. Aistrítear an fhaisnéis sin go huathoibríoch chuig fráma nascleanúna *Multidict*, mar is léir dúinn i gcuid 3 d’Fhíor 4. Ar deireadh, taispeántar na hiontrálacha aistrithe i gcomhéadan dúchasach an fhoclóra atá roghnaithe. Sa sampla thíos (an píosa atá aibhsithe i gcuid 4), is é an foclóir atá ar taispeáint ná *WordReference*.

Toisc nach féidir linn ach aon fhocal amháin a chuardach gach tráth, más mian linn frása, ar nós “look after”, a aistriú, ní mór dúinn an focal/na focail atá in easnamh a chlósáil in *Multidict*.

D’fhoill am a shábháil, is féidir le *Multidict* cuimhneamh ar cén foclóir a úsáideadh is déanaí agus ar an bpéire teangacha a rabhthas ag obair leo. Is féidir an teanga agus an foclóir a athrú tráth ar bith, áfach.

Ina theannta sin, má chliceálaimid ar nasc laistigh den leathanach gréasáin atáimid tar éis a “iompórtáil”, aistroidh *Wordlink* an chéad leathanach eile freisin. Más mian linn focal atá hipearnasctha cheana féin a chuardach, is gá dúinn “Remove existing links” a roghnú agus cliceáil ar “Go” (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 1 d’Fhíor 4).

The image shows a screenshot of the Wordlink application interface. It is divided into two main sections. The left section displays a Wikipedia article for 'Miguel de Cervantes', with a red circle labeled '2' highlighting the word 'considerado' in the text. The right section shows the WordReference.com dictionary entry for 'considerado', with a red circle labeled '4' highlighting the word. Above the dictionary entry, there is a navigation frame with a red circle labeled '3' highlighting the 'Go' button. At the top left, there is another navigation frame with a red circle labeled '1' highlighting the 'Go' button. The interface includes various navigation and utility buttons, such as 'Remove existing links' and 'Spitscreen'.

Fíor 4. Leathanach samplach ó Wikipedia atá nasctha le Wordlink. Baineann sé le Miguel de Cervantes, an t-údar Spáinneach.

Sa chuid seo a leanas, feicimid conas a úsáidtear *Multidict* agus *Wordlink* i gcomhéadan Clilstore do mhic léinn.

COMHÉADAN CLILSTORE DO MHIC LÉINN

Chomh luath agus a thagaimid isteach sa chomhéadan do mhic léinn trí chliceáil ar an tsaighead atá pointeáilte ar “Students” ar www.multidict.net (féach Fíor 1), feiceann foghlaimeoirí an scáileán atá léirithe i bhFíor 9.




Fíor 5. Leibhéal inniúlachta teanga mar atá tuairiscithe i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL).

I dtús báire, ní mór don fhoghlaimeoir an teanga ar mian leo í a chleachtadh a roghnú. Déantar é sin tríd an teanga a roghnú ón roghchlár anuas cuí (féach na píosaí atá aibhsithe i gcuid 2 agus i gcuid 3 d’Fhíor 9 thíos). Tar a éis sin, ní mór don fhoghlaimeoir leibhéal na sprioctheanga dá rogha a roghnú trí chliceáil ar cheann amháin de na roghanna. Má chliceálann siad ar “Any”, is féidir le foghlaimeoir gach ceann de na haonaid atá ar fáil do theanga ar leith a roghnú (féach Fíor 5). Taispeánfar liosta de gach ceann de na haonaid atá ar fáil lena gcleachtadh sa teanga sin ag an spriocleibhéal a bhí roghnaithe.

Chomh luath agus a thaispeántar an liosta aonad ar an scáileán, tugtar tuilleadh faisnéise chun cur síos ar a bhfuil in aonad ar leith. Mar a luadh cheana, tugtar faisnéis ar leibhéal agus ar theideal an aonaid, agus taispeántar deilbhín ina gcuirtear síos ar an gcineál meán atá leabaithe san aonad, i.e. físeán, fuaim nó ceann ar bith. Mar sin féin, má roghnaíonn an foghlaimeoir “Student page – more options” ón roghchlár anuas (féach uimh. 1 i bhFíor 9), taispeánfar roinnt tuairisceoirí eile a ligfidh don fhoghlaimeoir torthaí a scagadh agus teacht ar aonad ar leith; i.e. an líon focal atá i dtéacs an aonaid agus fad ama an chomhaid mheán. Tá na nithe seo a leanas i measc na roghanna breise scagtha sin:

- Id: Uimhir uathúil aitheantais an aonaid.
- Hits: An líon amharc, a thaispeánann don úsáideoir cé mhéad uair ar baineadh úsáid as aonad.
- Changed: An dáta deireanach a ndearnadh an t-aonad a athrú nó a nuashonrú.
- Owner: An duine a cheap an t-aonad sin.
- Level: Áit ar féidir raon leibhéal ón CEFRL a roghnú, a fhágann go mbíonn sé níos fusa don fhoghlaimeoir teacht ar aonaid atá oiriúnach dóibh.
- Title: Focal atá i dteideal an aonaid.
- Text or Summary: Áit ar féidir cuardach a dhéanamh i gcomhair eochairfhocal atá in achoimre nó i dtéacs aonaid ar leith.




Fíor 6. Roghanna scagtha i gcomhéadan Clilstore do mhic léinn.

Rogha scagtha atá an-úsáideach is ea an rogha a ligeann don fhoghlaimoir eochairfhocail a iontráil sa réimse scagtha “Text or Summary”. I bhFíor 8, is léir dúinn go bhfuil aon aonad amháin ina bhfuil an t-eochairfhocal “plug” ann.




Fíor 7. Má iontráilann siad eochairfhocal sa réimse seo, bíonn sé éasca don fhoghlaimoir teacht ar aonad ar leith ina bhfuil an téarma sin.



Fíor 8. Liosta aonad atá le feiceáil tar éis cuardach a dhéanamh i gcomhair eochairfhocail i dtéacs nó in achoimre aonaid ar leith.

Mar is léir dúinn i bhFíor 8, cuireadh aonad amháin atá ar an leibhéal teanga is gá ar fáil mar gheall ar ár gcuardach; i.e. “UK homes are a minefield of electrical hazards”.

Ina theannta sin, is féidir leis an bhfoghlaimoir an liosta a shórtáil de réir ceann ar bith de na roghanna thuasluaite agus is féidir leo ceann ar bith de na colúin faisnéise a fholú trí chliceáil ar an “x” dearg atá in aice leis an deilbhín “sort column”. Ar deireadh, is féidir na réamhroghanna a chur ar ais trí chliceáil ar “Clear All” nó “Restore”.



Fíor 9. Radharc ar an gComhéadan do Mhic Léinn, áit ar féidir le húsáideoirí (múinteoirí nó foghlaimoirí) sraith scagairí a úsáid chun teacht ar aonaid foghlama agus iad sonraíthe de réir teanga, leibhéal foghlaimora (de réir CEFR), líon focal, fad ama fiseáin nó eochairfhocal.

1. Roghchlár anuas a fhágann gur féidir nascleanúint a dhéanamh idir an Comhédan do Mhic Léinn agus an Comhédan d'Údair
2. Déan scagadh de réir theanga fhoinseach an aonaid, i.e. an phríomhtheanga atá in ábhar fuaime, físe nó téacs an aonaid.
3. Déan scagadh de réir leibhéal foghlaimeora, mar atá sonraithe ag údair an aonaid ar aon dul le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL). Rittear an scála ó A1>A2>B1>B2>C1>C2. Cuireann A1 na leibhéil is éasca in iúl, agus baineann C2 leis na leibhéil is deacra.
4. Déan scagadh de réir fhad na dtéacsanna atá leabaithe, bunaithe ar an líon focal.
5. Déan scagadh de réir fhad ama aon cheann de na comhaid físe atá leabaithe.
6. Déan scagadh de réir eochairfhocail atá i dTeideal an Aonaid.
7. Déan scagadh de réir eochairfhocal atá in achoimre an údair ar an aonad nó atá i dtéacs leabaithe an aonaid.

Féachaimis go gairid anois ar aonad ar leith chun na roghanna atá ar fáil d'fhoghlaimoir a fheiceáil. Is é a bhíonn sa ghnáthaonad ná comhad meán – úsáidtear seicheamh físe de ghnáth -, script (ina bhfuil gach ceann de na focail nasctha ag *Multidict* le flúirse foclóirí ar líne) agus naisc le tuilleadh cleachtaí agus ábhair foghlama. I gcuid 2 thíos, déanfaimid cur síos ar roinnt aonad samplach ina léirítear na gnéithe sin.

The art of enduring a grilling

24 March 2013 LAST UPDATED AT 10:36
Boris Johnson grilled on integrity ahead of TV documentary
 The Mayor of London Boris Johnson has defended his integrity following revelations made in an imminent BBC Two Documentary.

Eddie: The Times let you go after you made up a quote. Why did you make up a quote?

Boris: Well, ah, phew, this, this, again, you know, these are, these are, these are big terms for, what happened was, I can tell you the whole thing I mean, I think I was...I think it

quote *vtr* (repeat the exact words of) citar a *vtr* + *prep*
 Anthony likes to quote Shakespeare.
 A Anthony le gusta citar a Shakespeare

quote *vtr* (give a price estimate) *Latinoamérica* cotizar *vtr*
 dar un presupuesto *vtr*
 The salesman quoted a price.
 El vendedor cotizó un precio.
 El vendedor dio un presupuesto aproximado.

quote *n* (quotation) cita *nf*
 That is one of my favourite quotes by Twain.
 Esa es una de mis citas favoritas de Twain.

quote *n* (estimate) *bolso* cotización *nf*
 presupuesto *nm*
 That quote is a little high.

Fior 10. An radharc a bhíonn agat ar aonad tar éis é a roghnú agus tar éis cliceáil ar fhocal atá cinnte ag an bhfoghlaimoir.

1. Bíonn an teanga fhoinseach léirithe cheana féin ag an údar agus cuireann sé sin Multidict ar an eolas ar cén áit ar chóir dó tosú.
2. Is féidir leis an bhfoghlaimoir an teanga ar mian leo cur ar an téarma cuardaigh a roghnú ansin, nó, má roghnaíonn siad Béarla go Béarla, mar shampla, is féidir leo comhairliúchán aonteangach a dhéanamh.

3. Is féidir leis an úsáideoir léim go tapa idir foclóirí trí roghchlár anuas na bhfoinsí atá ar fáil a úsáid nó trí chliceáil ar na deilbhíní foclóra. Ní gá dóibh an téarma cuardaigh a athiontráil chun léim idir na foclóirí.

COMHÉADAN CLILSTORE D'ÚDAIR

Is féidir teacht i gCuid 3.1 thíos ar threoracha mionsonraithe céim ar chéim maidir le clárú le seirbhís **Clilstore** agus maidir le haonaid a chruthú agus a roinnt. Molaimid go láidir duit féachaint ar na fiseáin “déan féin é” atá liostaithe i gcuid 3.3 thíos.

1.4 AN FHEIDHM MULTIDICT IN CLILSTORE A THUISCINT

Cuir i gcás go bhfuil do chuid mac léinn ag léamh ailt ar líne agus go bhfuil orthu focal a chuardach. I dtús báire, osclaíonn siad leathanach nua. Ina dhiaidh sin, téann siad ar lorg foclóra, déanann siad an focal atá uathu a chlósscríobh nó a ghreamú go dtí go ritheann sé leo nach féidir leo teacht ar an bhfocal atá á lorg acu. Tarlaíonn sé ansin go gcaithfidh siad tosú arís, am a chaitheamh ar an nGréasán agus iad ar lorg foclóir ar líne saor in aisce agus an focal a chlósscríobh athuair. Faoin am atá an méid sin déanta acu, fiú amháin má tháinig siad ar an aistriúchán a bhí á lorg acu, is minic a bhíonn comhthéacs an fhocail dear-madta acu. Dá bhrí sin, caithfidh siad tosú ag léamh ó thús an téacs ar aghaidh chun teacht ar an eolas arís.

Cuireann an fheidhm *Multidict* deireadh leis an obair sin ar fad. Ní gá do mhic léinn ach cnaipe a bhrú chun rochtain a fháil ar fhoclóirí ar líne i mbreis agus 100 teanga, foclóirí ar cuireadh le chéile in inneall cuardaigh amháin iad. Tugann sé sin rochtain ghabta do mhic léinn ar na foclóirí is fearr atá ar fáil ar an Idirlíon. Má iontráiltear an focal atá le haistriú nó le sainmhíniú, is féidir *Multidict* a úsáid mar ghnáthfhoclóir. Mura mbítear sásta leis an toradh ón gcéad chuardach, áfach, cuireann *Multidict* rochtain láithreach ar fáil freisin ar fhlúirse foclóirí aonteangacha agus dátheangacha

Nuair a úsáidtear in **Clilstore** é, áfach, bíonn comhéadan *Multidict* nasctha go huathoibríoch leis an téacs atá á léamh ag an bhfoghlaiméir. Fágann sé sin nach gá focal a chlósscríobh a thuilleadh chun teacht ar an gciall atá leis. Ní bhíonn le déanamh ag foghlaiméirí teanga ach clliceáil ar an bhfocal agus taispeán-far an t-aistriúchán ar thaobh na láimhe deise den scáileán. Mura féidir teacht ar an bhfocal, ní bhíonn le déanamh acu ach foclóir nua a roghnú ón liosta anuas. Fágfaidh sé sin nach mbeidh ar an bhfoghlaiméir an oireadh sin ama a chaitheamh ag cuardach agus déanfaidh sé eispéireas níos éasca agus níos réidhe den léitheoireacht, is cuma cé acu ag obair ar ríomhaire pearsanta nó ar ghléas soghluaiste a bhíonn tú.

Is féidir roghnú as a lán foclóirí; bíonn cuid acu úsáideach le haghaidh focail ghinearálta agus bíonn cuid acu níos oiriúnaí do réimsí ar leith. Mar shampla, sa chás go mbítear ag obair le téarmaíocht a bhaineann go sonrach leis an Aontas Eorpach, uirlis an-úsáideach is ea bunachar sonraí IATE. Bíonn sé áisiúil freisin sa chás go mbítear ar lorg focail theicniúla nó téarmaí teicniúla a bhaineann le formhór na ngairmábhar. Sampla eile is ea an foclóir *Langtolang*. Gabhann luach breise leis an bhfoclóir sin toisc go soláthraítear comhad fuaime ann, rud ina bhfuaimnítear formhór na bhfocal. Bíonn sé sin cabhrach do thosaitheoirí nó don úsáideoir nach bhfuil cinnte faoi fhuaimniú focal ar leith go háirithe.

Tá raon éagsúil foclóirí ar féidir roghnú astu, agus tá foclóirí éagsúla ar fáil do gach teanga. Chun an chuid is fearr a bhaint as an uirlis seo, tá sé tábhachtach go gcaitheann an t-úsáideoir roinnt ama ag éirí cleach-ta le *Multidict* sula dtosóidh siad ag léamh.

Na húsáideoirí a bhaineann an tairbhe is mó as **Clilstore**, is minic gurb iad na daoine a bhfuil roinnt eolas bunúsach acu ar an sprioctheanga. Fágann sé sin gur chóir go mbeadh leibhéal léitheoireachta B1 ar a laghad bainte amach acu, go háirithe agus iad ag obair le hábhar dílis. An t-úsáideoir ar gá dóibh

gach dara focal a chuardach, ní bhainfidh siad an oiread sin tairbhe amach sa chás seo. Úsáideoir a bhfuil leibhéal B2 bainte amach acu, áfach, beidh siad in ann téacs a dteastaíonn leibhéal C1/C2 uaidh de ghnáth a léamh agus a thuiscint, agus beidh siad in ann é sin a dhéanamh i bhfad níos gaiste ná mar a bheidís gan *Multidict* a úsáid agus iad ag léamh an téacs. Léitheoirí leibhéal A2 a bhfuil sé mar aidhm acu bogadh ar aghaidh go leibhéal B1, bainfidh siad tairbhe as an uirlis seo freisin. Ceann de na buntáistí a bhaineann le *Multidict* agus le **Clilstore** araon ná gur féidir leis an léitheoir teagmháil le hábhar atá ar leibhéal deacrachta níos airde. Cabhraíonn an t-ionchur sin, agus an tacaíocht bhreise a chuireann *Multidict* ar fáil, leis an léitheoir an tasc a chur i gcrích go rathúil.

2 • CÁS-STADÉIR

Roghnaigh comhpháirtithe ar an tionscadal Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL roinnt aonad atá ar fáil go réidh ó **Cilistore** le bheith ina samplaí dea-chleachtais do mhúinteoirí eile teanga. Sna codanna seo a leanas, tá samplaí don oideachas aosach, don ghairmoideachas agus don ardoideachas, agus tá raon éagsúil de leibhéil inniúlachta teanga (idir A1 agus C2 de CEFRL). Sna táblaí seo a leanas, déantar tagairt d'uimhir aitheantais an aonaid in **Cilistore**.

2.1 OIDEACHAS AOSACH

CÁS-STADÉAR 1	
Teideal an chás-staidéir	Ar lorg poist (<i>Darbo paieška</i>)
Achoimre ar an gcás-staidéar	Comhphlé idir beirt óga faoi chuardach poist atá san aonad seo. Baintear úsáid as teicneolaíochtaí nua-aimseartha ann. Simplí agus riachtanach do ghnáthchumarsáid atá an foclóir. Ní bhaintear úsáid as aon téarmaí a bhaineann go sonrach leis an ábhar. Cuimsíonn an comhphlé a lán aidiachtaí cur síos a bhaineann le gnéithe pearsanta. Gabhann físeáin ghairide ghaolmhara leis an aonad.
Earnáil oideachais	Tá sé dírithe go háirithe ar chúrsaí trádála, ach is féidir an t-aonad a úsáid d'aon earnáil oideachais ar bith
Próifíl na mac léinn	Earnáil Grundtvig – foghlaimeoirí ar aosaigh iad, fágáilithe scoile, imirigh atá ar lorg poist agus easaoránaigh
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh
Oideolaíocht fothacaíochta	TBL, ionsamhlúchán
Aonad Cilistore	http://multidict.net/cs/1121
Leibhéal CEFRL (A1-C2)	A1 go B1
Teangacha faoi thrácht	Liotuáinis
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaimne/téacs a roghnú	Tá an topaic seo ábhartha d'aon úsáideoir nua ar bith; baineann na cainteoirí úsáid as teanga shimplí agus as foclóir a bheadh ag teastáil ó gach imirceach; tá an tras-scríbhinn an-chruinn agus tá urlabhra na gcarachtar an-soiléir. Is féidir an t-aonad a úsáid chun an fhoghraíocht a theagasc, toisc gur féidir na frásaí a phiocadh amach.
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Tá físeán an aonaid nasctha le 9 bhfíseán ghaolmhara eile, agus beidh na físeáin sin ina gcleachtaí breise tuisceana cainte ar théamaí a bhaineann le cuardach poist agus leis an ngeilleagar. Má fhaigheann siad máistreacht ar fhoclóir an aonaid bhunúsach, beidh foghlaimeoirí in ann agallaimh níos casta, ina bhfuil fuaimniú níos canúnaí, a thuiscint.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Le cabhair ón bhfoclóir atá faighte acu, foghlaimeoidh an mac léinn conas iompar i gcás den chineál céanna.
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Tasc sa seomra ranga le haghaidh foghlaim chumaisc agus cleachtaí ionsamhlúcháin.

CÁS-STAIDÉAR 1	
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Is ionann an t-aonad seo agus sampla clasaiceach ar chomhphlé ar théama atá socraithe, agus foclóir gníomhach á úsáid. Is é an tionscadal Pools a chruthaigh an físeán, agus soláthraítear naisc san aonad le leathanach baile an tionscadail agus le tuilleadh físeán den chineál céanna. Má dhéantar an foclóir nua a chur i láthair agus a mhíniú ar bhealach níos mine, is féidir an t-aonad a úsáid freisin d’úsáideoirí A1, A2 agus B1.
Moltaí faoi conas a d’fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	Cur chuige cineálach i leith foclóir a theagasc le haghaidh gnáthúsáid phraiticiúil is ea seo, agus is féidir an cur chuige sin a úsáid do gach teanga. Tacóidh cleachtaí Hot Potatoes le máistreacht a fháil ar an bhfoclóir. Agus na gnéithe foirmiúla sin den teanga á n-úsáid acu, deirtear go dteagmhaíonn foghlaimeoirí le gné d’fhoghlaim teanga atá éagsúil le caidreamh ó bhéal. I gcás foghlaimeoirí áirithe, deirtear go bhféadfadh na gnéithe sin de thascanna ó bhéal a bheith ina mbealaí an-tairbheach chun tabhairt faoi fhoghlaim teanga.

CÁS-STAIDÉAR 2	
Teideal an chás-staidéir	<i>Molann Laura Trice dúinn go léir “go raibh maith agat” a rá (Laura Trice visiems siūlo sakyti ačiū)</i>
Achoimre ar an gcás-staidéar	Tá an t-ábhar seo bunaithe ar chaint bheoga 3 nóiméad. Léirítear cásanna éagsúla ina n-amharctar ar an gcumhacht atá ag na focail “go raibh maith agat” – chun cairdeas a dhoimhniú, chun caidreamh a fheabhsú, chun a chinntiú go bhfuil a fhios ag duine cé chomh tábhachtach is atá siad duit.
Earnáil oideachais	Oiriúnach do gach earnáil, gnáthfhoclóir.
Próifíl na mac léinn	Foghlaimeoirí ar daoine fásta iad, glactar leis gur imircigh nó náisiúnaigh na Liotuáine a rugadh thar lear iad; daoine a fhreastalaíonn ar chúrsaí teanga.
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh, toisc go bhfuil sé deartha d’fhoghlaim thapa teanga, mar shampla, i gcúrsaí samhraidh.
Oideolaíocht fothacaíochta	Dírthe den chuid is mó ar CLT (Teagasc Cumarsáideach Teanga), ach d’fhéadfaí é a úsáid mar chuid de thasc TBL (Foghlaim Thascbhunaithe). Moltar an modh PhyEmoC a úsáid nuair atá an t-aonad á chur i láthair. Soláthraítear naisc le suíomh Gréasáin Pools-M.
Aonad Clilstore	http://multidict.net/cs/1130
Leibhéal CEFR (A1-C2)	B1 go C1
Teangacha faoi thrácht	Liotuáinis-Béarla, agus tá an tras-scríbhinn agus na fotheidil ar fáil i 10 dteanga eile.
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaime/téacs a roghnú	Teagasctar san fhíseán gnáthfhrásaí béasacha lena n-úsáid i dtimpeallachtaí agus i gcásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Cuirtear i láthair é ar bhealach tarraingteach mothúchánach spreagthach.

CÁS-STAIIDÉAR 2	
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	<p>Agus é ina acmhainn bhreise, tacaíonn liosta d'fhoclóir gníomhach leis an bpróiseas praiticiúil a bhaineann le teagasc cumarsáideach teanga.</p> <p>Má nasctar é leis an gcur síos ar an modh PhyEmoC atá sa tionscadal Pools-M, cabhrófar leis an múinteoir stíleanna éagsúla cumarsáide a chur i láthair i Liotuáinis agus i mBéarla.</p>
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	<p>Foghlaimoidh na mic léinn conas cineálacha éagsúla feidhmeanna a chur in iúl agus a thuiscint, amhail rudaí is maith leo agus rudaí nach maith leo a iarraidh, a thuairisciú agus a chur in iúl, i.e. teanga a úsáid le haghaidh caidreamh sóisialta le daoine eile.</p>
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	<p>An chéad chéim: seoltar tasc ar leith chuig mic léinn trí ríomhphost. Is téacs measartha casta é, fiú amháin i gcás mhic léinn C1, agus tá sé lán de struchtúir éagsúla ghradaí. Déanfar an topaic a scrúdú arís eile sa seomra ranga (thart ar 1 uair chun an tasc a ullmhú (scéalaíocht, cás agus comhphlé) agus 1 uair chun an tasc a chur i láthair)</p>
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	<p>I gcás foghlaimoirí ar daoine fásta iad, soláthraíonn an t-aonad seo bealach tapa chun tumadh i dtimpeallacht theangeolaíoch mhothúcháinach shóisialta na sprioctheanga. D'éirigh leis a bheith spreagthach ó thaobh cúrsaí cumarsáide de agus ó thaobh a bheith ag spreagadh caidrimh idir foghlaimoirí nua. Má thugtar faoin aonad ina chéimeanna, is dea-shampla d'ionsamhlúchán agus d'úsáid CALL sa seomra ranga é. I dtéacsanna casta ina bhfuil téarmaí a bhaineann go sonrach leis an ábhar nó ina bhfuil canúint speisialta (e.g. Béarla na hAlban), d'éirigh go geal le húsáid fotheideal chun an bhearna a dhúnadh idir an inniúlacht atá ag an léitheoir sa léitheoireacht agus san éisteacht.</p>
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	<p>Má úsáidtear é in éineacht leis an modh teagasc theanga PhyEmoC, bíonn an t-aonad an-úsáideach agus cabhraíonn sé le mic léinn cúthaileacht a shárú agus iad ag labhairt i dteanga eile. Cur chuige cineálach i leith gnáthfhrásaí a theagasc d'fhoghlaimoirí ar daoine fásta iad, agus is féidir an cur chuige sin a úsáid do gach teanga.</p>

CÁS-STAIIDÉAR 3

Teideal an chás-staidéir	<p style="text-align: center;">شو راح يعمل طارق أبل النوم؟</p> <p style="text-align: center;">(Cad a dhéanfaidh Tareq sula rachaidh sé a luí?)</p>
Achoimre ar an gcás-staidéar	<p>Bainfidh mic léinn na hAraibise úsáid as an aonad seo chun focail, frásaí agus seichimh ama a fhoghlaim faoi conas píosa oibre atá sé beartaithe acu a dhéanamh a chur i láthair. Sa chás seo, scríobhann siad litir chuig an teaghlach sa tír dhúchais, rud ina n-insíonn siad dóibh faoin ngnáth-shaol sa tír nua. Is féidir leis na mic léinn éisteacht leis an bhfuaim uair amháin, dhá uair nó níos mó. Ina dhiaidh sin, oibríonn siad ina bpéirí agus insíonn siad scéalta den chineál céanna dá chéile – scéalta ina n-athraíonn siad imeachtaí agus abairtí a ghnóthaigh siad i gceachtanna roimhe sin. Mar sin, foghlaimeoidh na mic léinn téarmaí nua, cleachtfaidh siad na téarmaí atá acu cheana féin, agus ceapfaidh siad abairtí san aimsir fháistineach. Agus iad ag obair ina bpéirí, is féidir leis na mic léinn focail a chur i gcuimhne dá chéile agus an ghramadach a úsáideann an duine eile agus an dóigh a bhfuaimníonn an duine eile focail a cheartú. D’fhéadfadh mic léinn an ceacht a dhéanamh leo féin agus téacsanna nua a chur le chéile freisin.</p>
Earnáil oideachais	<p>Mic léinn ollscoile le linn dóibh treoracha a fháil sa seomra ranga, ach d’fhéadfaí é a úsáid i gclár cianfhoghlama freisin</p>
Próifil na mac léinn	<p>Aosaigh atá ag foghlaim chanúint Shiriach na hAraibise d’fhonn tacú le hiarracht den chineál céanna chun an teanga chaighdeánach a fhoghlaim chun críocha sóisialta agus cumarsáide gairme. Tá sé dírithe go príomha ar mhic léinn a bhfuil Araibis mar dhara teanga nó mar theanga iasachta acu, ach dírithe ar fhoghlaimeoirí teanga oidhreachta freisin</p>
Timpeallacht teangeolaíochta	<p>Dátheangach</p>
Oideolaíocht fothacaíochta	<p>TBL, VOLL</p>
Aonad Clilstore	<p>http://multidict.net/cs/1081</p>
Leibhéal CEFR (A1-C2)	<p>B1</p>
Teangacha faoi thrácht	<p>Araibis</p>
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar fise/fuaimne/téacs a roghnú	<p>Tá an t-aonad fuaimne bunaithe ar fhuaimníú na bhfocal ag cainteoir dúchais. Tá sé i gceist go dtacóidh an téacs scríofa leis an bhfoghlaimeoir maidir le cuimhneamh ar na focail fhuaimnithe, mar go leagtar tuilleadh béime ar an bhfoirm labhartha i gcónaí nuair a bhítear ag teagasc chanúint na hAraibise. Foirm labhartha den teanga atá i gcanúint; uaireanta, bíonn sé deacair focal a scríobh mar a fhuaimnítear é.</p>
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	<p>Soláthraítear san aonad Clilstore seo na focail, na frásaí agus na struchtúir atá ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar shraith gníomhaíochtaí. Úsáidtear iad sin, mar shampla, le linn do mhic léinn téacs ó bhéal a chumadh. Tugann sé sin deis do na mic léinn leas a bhaint as a samhlaíocht chun cur síos a dhéanamh go cruthaitheach ar chásanna éagsúla.</p>

CÁS-STADÉAR 3	
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Is é a bheidh le foghlaim ná 10 mbriathar nua, 10 n-ainmfhocal, 4 aidíocht, 3 dhobhriathar agus an dóigh a n-úsáidtear foirmeacha diúltacha.
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Foghlaim chumaisc i seomra ranga. Am atá ag teastáil: 2 cheacht (90 nóiméad). Ag tús an cheachta, éisteann mic léinn leis an aonad foghlama leo féin. Cuirtear am ar leataobh ansin le haghaidh plé agus ceistanna sula n-oibríonn na mic léinn ina ngrúpaí.
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Úsáideadh an t-aonad seo i dteagasc sa seomra ranga agus baineadh dea-thorthaí amach dá bharr.
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	Is féidir an t-aonad seo a úsáid freisin chun tús eolais ar CLIL agus ar TBL a thabhairt don iliomad spriocghrúpaí (e.g. múinteoirí, foghlaimeoirí B2 nó cainteoirí dúchais). Tá an téacs saibhir ó thaobh ghnáth-théarmaí de.

CÁS-STADÉAR 4	
Teideal an chás-staidéir	<i>Guthanna na nOileán (Guthan nan Eilean)</i>
Achoimre ar an gcás-staidéar	Is é atá anseo ná sraith de 150 gearrthóg físe ó ghearrchláir faisnéise agus ó agallaimh, ina dtaifeadtar saol na hoibre agus saol an phobail in Inse Ghall na hAlban san 21ú haois. Cuimsíonn siad insintí guthaithe ina n-úsáidtear gnáth-theanga agus urlabhra dhílis.
Earnáil oideachais	Trasearnála
Próifíl na mac léinn	Mic Léinn atá sa Bhreisoidéachas, san Ardoideachas agus san Oideachas Aosach (Mic Léinn ar Imircigh iad ina measc). Tá sé oiriúnach do Dhaltaí Sinsearacha Meánscoile freisin.
Timpeallacht teangeolaíochta	Timpeallachtaí éagsúla, idir thumadh bunaithe sa phobal, foghlaim aonair ar líne agus chianfoghlaim.
Oideolaíocht fothacaíochta	Foghlaim shaorsheasaimh atá bunaithe ar acmhainní agus a thacaíonn le foghlaim fhéinriartha; is féidir é a úsáid i TBL, i CLIL agus in oideolaíochtaí eile. Tá sé oiriúnach freisin d'obair théamach atá stiúrtha ag an múinteoir (e.g. "staidéir limistéar") agus do ranganna leibhéil mheasctha.
Aonaid Clilstore	multidict.net/cs/601 - 675 (Béarla) multidict.net/cs/701 - 775 (Gaeilge na hAlban)
Leibhéal CEFRL (A1-C2)	Ábhair foinse do leibhéil A2 - B2; is féidir iad a úsáid do ghníomhaíochtaí leibhéal C1/C2 freisin
Teangacha faoi thrácht	Gaeilge na hAlban agus Béarla

CÁS-STAIIDÉAR 4	
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaimne/téacs a roghnú	Cuirtear gnáthshaol comhaimseartha Inse-Ghall i láthair san ábhar, ag díriú ar ionaid oibre, ar imeachtaí agus ar ionaid phobail sa cheantar.
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Nasctar na haonaid le chéile ó thaobh téama de agus soláthraítear iontu, mar shampla, insint shimplí ghuthaithe, nó “caint an mhúinteora”, ar leibhéal amháin agus an rogha chun obair fhairsingithe níos airde a dhéanamh trí éisteacht leis an ábhar agallaimh a chuimsíonn “urlabhra dhílis” atá sna haonaid nasctha. D’fhéadfadh aonaid a bheith nasctha freisin le cleachtaí forbartha ar líne CALL, ina ndírítear ar théarmaí nó ar phointí gramadaí ar leith. Sa chleachtadh atá ar fáil ag http://multidict.net/cs/671 , mar shampla, díritear ar léacsas a bhaineann go sonrach leis an ábhar.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Teanga labhartha ar líne atá i gcroílár na n-ábhar seo. Mar sin, is é an phríomhaidhm atá leo ná cabhrú le scileanna éisteachta a fhorbairt ag leibhéal éagsúla, lena n-áirítear urlabhra nádúrtha a phléann le topaicí dílse a bhaineann le cúrsaí sóisialta, cultúrtha nó gairme, i dtimpeallacht chomhaimseartha gheografach ar leith. Toisc gur bonnábhair iad, is féidir iad a oiriúnú agus a fhorbairt chun raon cleachtaí fairsingithe a chur le chéile, rudaí a dhíríonn ar scileanna breise scríbhneoireachta nó labhartha. Mar shampla, sa chleachtadh atá ar fáil ag http://multidict.net/cs/674 , díritear ar théarmaí teibí a fhorbairt agus a ionramháil sula rachfar i mbun plé breise ar shaincheisteanna atá measartha casta.
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	<p>Chun an rochtain is leithne agus is féidir a bhaint amach, is ar roinnt ardáin éagsúla a chuireann an tionscadal Guthanna na nOileán é féin i láthair. Is é an príomhardán díobh sin ná suíomh Ghuthanna na nOileán ar Wordpress, http://guthan.wordpress.com, áit a bhfuil an phríomhfhaidhm choimeádaíochta. Is ar mhaithe le mic léinn de chuid Sabhal Mòr Ostaig, coláiste Ghàidhlig na hAlban, a chuirtear an suíomh chun cinn ar bhonn inmheánach. Chomh maith leis sin, cuirtear an suíomh chun cinn ar bhonn seachtrach d’iomad páirtithe leasmhara pobalbhunaithe – ina measc siúd, tá Cothrom, ar grúpa áitiúil a reáchtálann ranganna ESOL é. Cuirtear chun cinn é ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin.</p> <p>Is ar leathanaigh scoite ar shuíomh an tionscadail ar Wordpress a chuirtear na hábhair físe agus aonaid Clilstore i láthair ina ngrúpaí téamaithe, in éineacht le catalóga ar líne i bhfoirm pdf ina dtugtar sonraí ar gach aonad. I measc na sonraí sin, tá achoimre ar an ábhar, fad ama an aonaid, leibhéal CEFRL an aonaid, agus nótaí teanga. Ar mhaithe le hábhar a scaipeadh trí na meáin shóisialta, tá cainéal gaolmhar Ghuthanna na nOileán ar Youtube, rud a bhfuil nasc aige le suíomh Ghuthanna na nOileán ar Wordpress agus le leathanach Facebook an tionscadail. Úsáidtear an blag atá ar fáil ar Wordpress chun nuacht agus forbairtí a thuairisciú agus chun Ábhar breise pobalbhunaithe arna Ghiniúint ag Úsáideoirí a spreagadh, rud a chuireann blas comhaimseartha úr ar an gcorpas ábhar.</p>

CÁS-STADÉAR 4

<p>Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid</p>	<p>De réir taithí, bíonn ábhair bhunaidh phobalbhunaithe níos fearr ar bhealaí éagsúla ná ábhair arna nginiúint ag daoine eile (mar shampla, físeán “atá ar fáil go réidh” ó YouTube). Ar an gcéad dul síos, ní bhíonn aon ábhair inní maidir leis an gcóipcheart. Ar an dara dul síos, is féidir le cruthaitheoir an aonaid an píosa a chur in oiriúint dá riachtanais ar leith féin, an teanga a úsáidtear san aonad a oiriúnú do leibhéal a mac léinn, nó saincheist phobail nó ábhar gairme ar leith, mar shampla, a léiriú ar bhealach cruinn ábhartha. Ag an am céanna, bíonn gá le híoschaighdeáin léiriúcháin áirithe a bheith i bhfeidhm, go háirithe na caighdeáin sin a bhaineann le cáilíocht fuaime an fhíseáin nó na gearrthóige físe. Bíonn sé sin dúshlánach ó thaobh acmhainní de.</p> <p>Ba chóir rabhadh a thabhairt d’úsáideoirí freisin maidir leis na teorainneacha a bhaineann le húsáid foclóirí ar líne – mar shampla, níor chóir brath an iomarca orthu agus níor chóir áibhéil a dhéanamh ar a úsáidí atá siad. Ar deireadh, bíonn Clilstore chomh maith leis na foclóirí ar líne a dtugtar rochtain orthu. Is é sin le rá, ní ach straitéis foghlama teanga amháin atá in úsáid foclóirí - tá mórán straitéisí eile foghlama teanga ann. Beag beann ar shrianta den sórt sin, áfach, tugadh le fios in aiseolas ó fhoghlaimoirí gur féidir leis an rochtain ar fhoclóirí atá ar fáil ar Clilstore (in ionad, mar shampla, aistriúchán lántéacs) ról luachmhar a chomhlíonadh. Is féidir léi foghlaimoirí a spreagadh chun ciall a bhaint i gcomhthéacsanna éagsúla agus is féidir leis an iontráil san fhoclóir foghlaimoirí a chur ar an eolas faoi shraith cialla eile a d’fhéadfadh a bheith le haon fhocal nua ar bith.</p>
<p>Moltaí faoi conas a d’fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.</p>	<p>Tá na hábhair “ar fáil go réidh” lena n-úsáid fhorleathan i gcomhthéacsanna éagsúla teagaisc, agus is féidir oiriúnú, forbairt agus aithris a dhéanamh orthu freisin. Is féidir iad a úsáid i dtimpeallachtaí éagsúla – idir shuímh mheánscoile, chomhthéacsanna foghlama aosaigh agus chlárí fochéime in Albain, in Éirinn agus in áiteanna eile. D’fhéadfaí leas a bhaint as an múnla seo “déan féin é” chun “teanga a ghabháil agus a choimeád” i mórán comhthéacsanna eile ina bhféachtar leis an timpeallacht foghlama a choinneáil fíor, ábhartha agus pobalbhunaithe.</p>

2.2 GAIRMOIDEACHAS

CÁS-STADÉAR 5	
Teideal an chás-staidéir	Ceacht CLIL agus tasc-bhunaithe dóibh siúd ag foghlaim ceirde e.g. leictreoirí
Achoimre ar an gcás-staidéar	Bainfidh printísigh úsáid as aonad Clilstore chun focail agus frásaí atá i gceist le “pluga leictreach a shreangú” a fhoghlaim. Tar éis dóibh oibriú ar ríomhairí sa chéim thosaigh, oibreoidh siad ina mbeirteanna agus tabharfaidh siad treoir dá chéile chun pluga fíor a shreangú. Tabharfaidh mac léinn A treoir do mhac léinn B agus malartaíonn siad na ról ina dhiaidh sin. I ndiaidh do gach mac léinn na treoracha a chríochnú, téann an rang siar ar an bhfoclóir foghlamtha agus ar na difríochtaí idir treoracha agus tuairiscí. Briseann an t-aonad leac an doichill trí iallach a chur ar mhic léinn Danmhairgis a labhairt i dtimpeallacht a mheasann siad a bheith spráúil agus mar ar féidir leo leas a bhaint as straitéisí éagsúla cumarsáide.
Earnáil oideachais	Gairmoideachas (Leictreoirí) ach d’fhéadfaí é a úsáid i roinnt mhaith earnálacha toisc go bhfoghlaimíonn na mic linn conas treoir a thabhairt agus treoracha a leanúint.
Próifíl na mac léinn	Mic léinn óga VET (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint) idir 16 agus 50 bliain d’aois ar socrú soghluaisteachta sa Danmhairg. Baineadh úsáid as an aonad freisin le hinimircigh atá ag foghlaim na Danmhairgise. Amharc ar shampla anseo: http://alturl.com/9gp3y
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh
Oideolaíocht fothacaíochta	CLIL agus TBL. Bunaithe ar TBL atá an cur chuige CLIL.
Aonaid Clilstore	http://multidict.net/cs/293 http://multidict.net/cs/1061
Leibhéal CEFRL (A1-C2)	B1 (tá leagan do A1 freisin, áfach).
Teangacha faoi thrácht	Danmhairgis (tá an t-ábhar a úsáidtear, áfach, ar fáil sna teangacha seo: Bascais, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Gearmáinis, Rómáinis, Gaeilge na hAlban, agus Spáinnis.)
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaimne/téacs a roghnú	San fhíseán a úsáidtear san aonad, taispeántar conas pluga leictreach a oscailt agus a shreangú céim ar chéim, baineann thart ar 20 focal (uirlisí agus ábhair) le Danmhairgis theicniúil agus is nua atá siad d’fhorhmór na bprintíseach ar dtús.
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	In aonad Clilstore, tugtar isteach na frásaí agus na hábhair atá ag teastáil mar réamhthasc sula ndéanann na mic léinn an tasc iarbhír. Is é is aidhm do chleachtaí tacaíochta an foclóir a úsáideadh a neartú. Ag deireadh an cheachta a bheidh iarthasc ina ndéanann an rang athrá/oibriú ar na frásaí foghlamtha agus pléitear an difríocht idir treoracha agus tuairiscí.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Teagasctar 20 focal theicniúil nua agus déanann na mic léinn tasc fiúntach ina bhfuil siad ar na daoine a fhaigheann na treoracha agus ar na teagascóirí araon.

CÁS-STAIDÉAR 5	
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Foghlaim chumaisc i seomra ranga. Am atá ag teastáil: 4 cheacht (180 nóiméad).
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Tástáladh an t-aonad in dhá leagan mar gur i leaganacha ó A1+ go B1+ atá an físeán agus an téacs tacaíochta agus tá an t-aonad úsáideach do mhic léinn C2 freisin mar gheall ar na focail theicniúla (thart ar 20 ceann). Is féidir an dá leibhéal a úsáid chun Bascais, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Gearmáinis, Rómáinis, Gaeilge na hAlban agus Spáinnis a theagasc ós rud é gur sna teangacha sin atá na hábhair agus na físeáin ar fáil in Clilstore.
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	Baineadh úsáid as an aonad arna thaispeáint mar thús eolais ar CLIL agus TBL i measc roinnt spriocghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear múinteoirí (idir mhúinteoirí ábhair agus mhúinteoirí teanga). Fiú do dhaoine atá ag leibhéal C2 (nó cainteoirí dúchais), tá tuairim is fiche focal nua a bhaineann le teicneolaíocht.

CÁS-STAIDÉAR 6	
Teideal an chás-staidéir	Fabhtcheartú do thosaitheoirí
Achoimre ar an gcás-staidéar	Aonad le haghaidh Béarla a theagasc do mheicneoirí. Cuirtear i láthair sa chleachtadh seo focail ábhartha maidir le hinnill a fhabhtcheartú. Tá fuaim d'fhadhbanna éagsúla innill/tosaithe. Tá liosta réiteach do gach fuaim agus iad in ord randamach. Mínítear san aonad cad ba cheart do na mic léinn a dhéanamh, agus iarrtar orthu plé a dhéanamh le go n-aimsíonn siad na fuaimeanna a oireann do na fadhbanna. Cuirtear téarmaolaíocht fabhtcheartaithe an Bhéarla i láthair. Iarrtar ar mhic léinn sa chleachtadh, agus é i bhfoirm ionsamhlúcháin, a shamhlú go bhfuil siad i gceardlann, agus gur chuir custaiméir glao orthu cois bóthair chun cabhair a iarraidh. Ní mór do na mic léinn comhairle a chur ar an gcustaiméir faoi conas an fhadhb a réiteach.
Earnáil oideachais	Gairmoideachas
Próifíl na mac léinn	Foghlaimoirí ard-mheánleibhéil Béarla ag déanamh staidéar ar mheicníocht.
Timpeallacht teangeolaíochta	Tumadh, ionsamhlúchán fíorshaoil
Oideolaíocht fothacaíochta	CLIL, TBL, Ionsamhlúchán, cur chuige ionductach
Aonad Clilstore	http://multidict.net/cs/301
Leibhéal CEFR (A1-C2)	B2
Teangacha faoi thrácht	Béarla

CÁS-STAIIDÉAR 6

Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaime/téacs a roghnú	<p>Ábhar comhad fuaime, téacs. Bhí sé mar aidhm anseo cur chuige praiticiúil suimiúil maidir leis an topaic a chruthú. Is éifeachtach atá an comhad fuaime mar nach mór do na mic léinn éisteacht go han-chúramach agus réitigh a phlé agus a aimsiú bunaithe ar an eolas atá acu cheana. Ní mór dóibh an t-eolas sin a úsáid ina dhiaidh sin chun na focail atá ann cheana a aimsiú, focail a thugtar dóibh roimhe sin, rud a fhágann go bhfuil bonn ag na mic léinn cheana féin. Déantar tuiscint shoiléir ar na fadhbanna nach mór dóibh a aimsiú a thabhairt dóibh, rud a bhfuil an cleachtadh réalaíoch do leibhéal teanga na bhfoghlaimeoirí dá bharr. D'fhéadfaí na réitigh mholta a bhaint chun an cleachtadh seo a dhéanamh níos deacra. Cruthaíodh an t-ábhar tacaíochta chun béim a leagan ar an gcás réalaíoch ar obair agus déileáil á déanamh le custaiméirí. Cuid lárnach den tasc seo is ea scileanna cumarsáide, i dteannta eolas a úsáid agus foclóir agus an teanga labhartha a chleachtadh.</p>
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	<p>Tá an t-ábhar tacaíochta bunaithe ar an gcleachtadh san aonad, agus baintear úsáid as mar cheacht leantach chun an t-eolas ón aonad a úsáid.</p>
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	<p>Foclóir ábhartha maidir le fabhtcheartú, cumarsáid agus déileáil le custaiméirí a fhoghlaim.</p>
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	<p>Cuirtear an obair ar siúl i dteanglann/i seomra ríomhaireachta nó in áit a bhfuil rochtain ar a ríomhaire glúine féin ag mic léinn etc.</p> <p>D'oibrigh na mic léinn leis an inneall díosail, agus tá roinnt réamheolas teoriciúil acu ar theicneolaíocht díosail. Tá taithí ag na mic léinn freisin toisc gur fhreastail siad ar cheardlanna agus gur dhéileáil siad le fadhbanna a bhaineann le hinnill a thosú. Is cuid de chúrsa ar innill díosail atá an ceacht. I ndiaidh dóibh foghlaim faoin inneall ceithre bhuille agus faoi chomhpháirteanna innill, tugtar tús eolais ar an aonad fabhtcheartaithe do na mic léinn.</p> <p>Tugtar tús eolais ar Clilstore do na mic léinn, agus tugtar nasc díreach dóibh leis an aonad a rochtain. Tugtar tús eolais ar an gcleachtadh dóibh, agus mínítear an modh oibre. Iarrtar orthu an fhaisnéis a chomhlánú sa bhileog oibre atá ar fáil go díreach ó aonad Clilstore.</p>
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	<p>An-dearfach a bhí an t-aiseolas a thug mic léinn. Bhain mic léinn taitneamh ar leith as bheith ag éisteacht leis na comhaid fuaime chun mistéir na bhfadhbanna innill a réiteach. Tháinig roinnt mhaith di-andíospóireachtaí as na grúpaí, agus d'aimsigh formhór na ngrúpaí na freagraí cearta. Má tá siad bródúil as a gcuid oibre, tabharfar spreagadh breise dóibh an cleachtadh a chur i gcrích agus na freagraí cearta a aimsiú.</p> <p>Foirm measúnaithe atá i gcleachtadh an aonaid freisin; baineann mic léinn leas as an réamheolas a bhí acu ó cheachtanna roimhe sin agus as an bhfoclóir nuaghnóthaithe chun comhairle a chur ar an gcustaiméir. Léiríonn cur i gcrích rathúil an chleachtaidh cumas na mac léinn chun dea-úsáid a bhaint as a gcuid eolais ar bhealach éifeachtach</p>

CÁS-STAIIDÉAR 6

Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	<p>Is féidir an t-aonad sin a úsáid le haghaidh cineálacha eile mac léinn agus is féidir é a chur i bhfeidhm maidir le teanga ar bith. Ní gá an ghníomhaíocht sin a úsáid le meicneoirí amháin. Is cleachtadh oiriúnach é do dhaoine a bhfuil spéis acu i gcarranna nó do dhaoine a bhfuil spéis acu i gceacht atá dírithe ar obair phraiticiúil.</p> <p>Tástáladh an cur chuige sin agus d'éirigh go geal leis.</p>
--	--

2.3 ARDOIDEACHAS

CÁS-STAIIDÉAR 7

Teideal an chás-staidéir	Seomra leapa mic léinn ollscoile (<i>O quarto de uma estudante universitária</i>)
Achoimre ar an gcás-staidéar	Ar mhic léinn leibhéal A2 atá an t-aonad seo dírithe. San fhíseán agus sa téacs, taispeántar mac léinn ag míniú na gcodanna éagsúla dá seomra leapa. Labhraíonn sí go han-soiléir. Cabhraíonn sé le foghlaimeoir na Portaingéilise méadú a dhéanamh ar an bhfoclóir atá acu a bhaineann leis na codanna tí agus leis an troscán a bhíonn i gcuid ar leith de.
Earnáil oideachais	Ardoideachas
Próifíl na mac léinn	Foghlaimeoirí Ardoideachais atá ag foghlaim na Portaingéilise mar theanga iasachta
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh
Oideolaíocht fothacaíochta	TBL, CLIL
Aonad Clilstore	http://multidict.net/cs/140
Leibhéal CEFR (A1-C2)	A2
Teangacha faoi thrácht	Portaingéilis (PT)
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaimne/téacs a roghnú	San aonad sin, clúdaítear sainréimse foclóra (codanna tí (seomra leapa) agus an troscán lena mbaineann).
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Clúdaítear san ábhar tacaíochta cleachtaí, amhail tráth na gceist (léamhthuisicint); cleachtaí meaitseála (lena gclúdaítear roinnt briathra bunúsacha “ser” agus “estar”, bunuimhreacha agus orduimhreacha); crosfhocal (troscán agus codanna tí); cleachtadh chun na bearnaí a líonadh (faisnéis ón téacs). Tugtar na treoracha i mBéarla, ach ba cheart don mhúinteoir féachaint leis an aistriúchán go Portaingéilis a stiúradh.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	<p>Gnóthóidh mic léinn foclóir a bhaineann go sonrath leis an topaic i.e. codanna tí agus troscán</p> <p>Déanfaidh mic léinn an ghramadach a ghabhann le <i>ser</i> agus <i>estar</i> san aimsir láithreach a chleachtadh.</p>

CÁS-STADÉAR 7	
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Mínítear an t-aonad sa rang. Ar dtús, tugtar an físeán isteach. Ina dhiaidh sin, iarrtar ar na mic léinn éisteacht leis an bhfíseán agus an téacs a léamh. Ba cheart don mhac léinn focail anaithnide a sheiceáil in Multidict. Ba cheart do gach mac léinn tosú ansin ar na cleachtaí a dhéanamh ar luas a oireann dóibh féin.
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Mheas mic léinn an t-aonad a bheith an-fhóinteach. Bhí an físeán an-soiléir agus chabhraigh an téacs scríofa leis na mic léinn an téacs a raibh siad ag éisteacht leis a thuiscint. An-fhóinteach a bhí na cleachtaí freisin i dtuairim na mac léinn.
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	Rud an-éifeachtach is ea fuaim agus téacs a úsáid agus is féidir feidhm a bhaint as le haghaidh teanga ar bith agus cás ar bith.

CÁS-STADÉAR 8	
Teideal an chás-staidéir	An Phortaingéil, tír atá le haimsiú (<i>Portugal, um país a descobrir</i>)
Achoimre ar an gcás-staidéar	San aonad seo, pléitear roinnt gnéithe de shaol agus de chultúr na Portaingéile, go háirithe topaicí faoi thíreolaíocht, faoi stair agus faoi theanga.
Earnáil oideachais	Ardoideachas
Próifíl na mac léinn	Foghlaimoirí Ardoideachais atá ag foghlaim na Portaingéilise mar theanga iasachta.
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh; timpeallacht fhíorúil foghlama.
Oideolaíocht fothacaíochta	TBL, CLIL
Clilstore unit number(s)	http://multidict.net/cs/205
Aonad Clilstore	B2
Teangacha faoi thrácht	Portaingéilis
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaime/téacs a roghnú	Ar mhic léinn leibhéal B2 atá an t-aonad seo dírithe. Físeán promóisin faoin bPortaingéil agus faoina cuid traidisiún is ea é. Clúdaítear trí ghné phríomha ann: tíreolaíocht, stair agus Portaingéilis.

CÁS-STAIIDÉAR 8	
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Clúdaítear cleachtaí san ábhar tacaíochta, amhail tráth na gceist (léamhthuisctint); cleachtadh chun na bearnaí a líonadh (le faisnéis téacs); téacs a chur in ord (litir lena gcuirtear síos ar an tír ina bhfuil an mac léinn ina chónaí/cónaí lena chairde/cairde nua); cleachtaí meaitseála (abairtí a chomhlánú; réamhfhocail a úsáid); crosfhocal (aimsirí briathra). Tugtar na teoracha i bPortaingéilis agus gabhann teorainn ama le gach ceann de na cleachtaí. Tá nasc ag an aonad le Instituto Camões (http://cvc.instituto-camoes.pt/aprender-portugues/a-brincar/jogo-da-lusofonia.html) freisin, rud a thugann an deis don mhac léinn míreanna breise faoi theanga agus faoi chultúr na Portaingéile a fhiosrú.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Méadóidh mic léinn an foclóir atá acu maidir leis an tíreolaíocht agus an stair lena mbaineann. Gnóthóidh siad tuilleadh eolais ar shaincheistean-na cultúrtha agus sóisialta. Pléifidh mic léinn topaicí gramadaí: aimsirí briathra (an aimsir láithreach, an aimsir chaite – <i>pretérito perfeito e pretérito imperfeito</i> – úsáid réamhfhocal Beidh mic léinn ábalta scríbhneoireacht litreach a chleachtadh.
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Cuirtear an t-aonad seo i láthair na mac léinn trí Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama le haghaidh staidéar neamhspleách.
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Mheas mic léinn an t-aonad a bheith an-suimiúil. An-soiléir a bhí an físeán, a thaispeáin gnéithe éagsúla de chultúr agus de thraidisiúin na Portaingéile. Cé nach bhfuil aon fhuaim san fhíseán, déanann an fhaisnéis atá curtha ar fáil sa téacs scríofa an téacs a chomhlánú. Tugann an físeán spreagadh don mhac léinn i leith an téacs atá siad ar tí a léamh. Thug na cleachtaí an deis don mhac léinn an tuiscint atá aige/aici ar an téacs a sheiceáil, mar aon le pointí gramadaí a sheiceáil.
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	An úsáid a bhaintear as físeán nach bhfuil aon téacs ann a gcomhlánaíonn téacs faisnéiseach é, is féidir léi bheith éifeachtach agus is féidir feidhm a bhaint aisti le haghaidh cás ar bith agus teanga ar bith gan stró.

CÁS-STAIIDÉAR 9	
Teideal an chás-staidéir	Earrach na nArabach a Thuiscint
Achoimre ar an gcás-staidéar	Sraith d'aonaid bheaga dhoiciméadacha chun bunfhaisnéis faoi Earrach na nArabach a chur ar fáil do mhic léinn: cá háit ar tharla sé agus cén uair a tharla sé, cé a bhí páirteach sna hagóidí agus cad iad na sluáin a úsáideadh. Baintear úsáid as téacs, ceol, cartúin agus físeáin chun mothú réabhlóideach na gceannaircí a chur in iúl, agus cabhraíonn rithim agus athrá na sluán leis na mic léinn foclóir a chur de ghlannmheabhair.

CÁS-STAIIDÉAR 9	
Earnáil oideachais	Mic léinn ardscoile agus ollscoile na hAraibise, ach d'fhéadfaí é a úsáid ar bhonn trasearnálach (e.g. na blianta deiridh ar an mbunscoil, oideachas aosach). D'fhéadfadh feidhm a bheith ag an gcur chuige oideolaíoch maidir le ranganna eile teanga iasachta gan stró.
Próifíl na mac léinn	Tosaitheoirí na hAraibise mar theanga iasachta agus foghlaimeoirí oidhreachta de shliocht an Mheánoirthir atá 15 bliana d'aois nó os a chionn agus atá eolach, ach ní gá dóibh bheith inniúil, ar aibítir na hAraibise a léamh.
Timpeallacht teangeolaíochta	Mic léinn teanga iasachta, foghlaimeoirí oidhreachta, lántumadh.
Oideolaíocht fothacaíochta	CLIL do thosaitheoirí ach cuireann sí ionchur sármhaith ar fáil do TBL.
Aonaid Clilstore	http://multidict.net/cs/1122 , http://multidict.net/cs/1123 , http://multidict.net/cs/1124 , http://multidict.net/cs/1125 , http://multidict.net/cs/1131
Leibhéal CEFRL (A1-C2)	A1, ach baineann sé go héasca le foghlaimeoirí A2.
Teangacha faoi thrácht	Araibis mar theanga iasachta, mar dhara teanga nó mar theanga iasachta. Béarla i gcomhair ábhar tacaíochta.
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaime/téacs a roghnú	Déanann físeáin, ceol agus cartúin cur ar fáil ar léargas fíréanta ar na ceannaircí stairiúla i saol na nArabach atá mar bhonn agus thaca ag an spreagadh atá ag foghlaimeoirí teanga iasachta agus oidhreachta ag leibhéal an tosaitheora. Éascaíonn rithim na sluán agus athrá minic na sluán gnóthú an fhoclóra, bíodh sé de ghlanmheabhair nó ina thuiscint níos doimhne ar fhoclóir agus ar chomhréir.
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Tá na haonaid nasctha le hábhair bhainteacha chúlra i mBéarla faoi Earrach na nArabach agus faoi chineálacha na hAraibise agus le haonaid níos deacra in Araibis faoi na saincheistanna sin freisin. Tugann na naisc spreagadh do mhic léinn dul ar lorg faisnéise ar shochaithe comhaimseartha Arabacha as a stuaim féin.
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	<p>Feabhsú ar mhuintir an fhoghlaimeora as Araibis a úsáid chun saincheistanna tábhachtacha i sochaithe comhaimseartha Arabacha a thuiscint. Baineann tábhacht ar leith leis sin ag leibhéal an tosaitheora d'fhonn foghlaim teanga a spreagadh.</p> <p>Feabhsú ar léamhthuiscint agus ar thuiscint na cainte in Araibis agus ar choinneáil an fhoclóra.</p> <p>Méadú ar inniúlacht an fhoghlaimeora ar fhoclóirí leictreonacha a úsáid go héifeachtach.</p>

CÁS-STAIIDÉAR 9

Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	<p>Tugann an múinteoir tús eolais bunúsach in Araibis ar bhuncheisteanna faoi Earrach na nArabach (réabhlóid, agóidí, etc.), agus tástálann mic léinn, ina n-aonar nó ina mbeirteanna, a dtuiscint i gceann amháin nó in dhá cheann d'fhoclóirí leictreonacha. Iarrtar ar mhic léinn ansin rochtain ar aonad nó dhó le linn an ranga agus an tuiscint atá acu ar an ábhar a thástáil ina mbeirteanna agus roinnt de na sluáin a chur in iúl ó bhéal. Am atá ag teastáil: 1 uair ranga.</p> <p>Déantar ábhair thacaíochta agus aonaid bhreise a fhiosrú sa bhaile agus a chomhtháthú isteach i gceachtanna ina dhiaidh sin i riocht díospóireachtaí nó grúpoibre faoi Earrach na nArabach. Am ag teastáil sa rang: 1 uair ranga.</p> <p>Is féidir na haonaid a úsáid ar roinnt mhaith dóigheanna éagsúla, e.g. mar ábhair bhreise do cheachtanna faoi shochoithe comhaimseartha Arabacha, i bhfoghlaim chumaisc nó in aon chur chuige eile a bhfuil sé mar aidhm aige spreagadh a thabhairt do mhic léinn tuilleadh faisnéise faoi chultúr agus faoi shochoí a iarraidh.</p>
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	<p>Méadú ar mhuintín an fhoghlaimseora as úsáid a bhaint as ábhar fíréanta a fheabhsaíonn spreagadh na dtosaitheoirí le haghaidh foghlaim teanga. Ardú ar thuiscint ar conas foclóirí leictreonacha a úsáid agus méadú ar thuiscint ar na cúiseanna le hEarrach na nArabach agus ar a iarmhairtí sa saol laethúil.</p>
Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.	<p>Léiríonn an cás-staidéar cur chuige cineálach maidir le foghlaim teanga do thosaitheoirí sa dóigh is go dtugann sé méid suntasach solúbthachta d'fhoghlaimseoirí an t-ionchur a rialú (trí bhíthin éisteachta, léimh, athrá, etc. agus comhcheangail díobh sin) agus go dtugann sé rochtain ar thacaíocht (foclóirí, ábhair thacaíochta) de réir stíleanna foghlama aonair.</p>

CÁS-STAIIDÉAR 10

Teideal an chás-staidéir	Sláinte Phoiblí/Sláinteachas Poiblí a Phlé i nGaeilge
Achoimre ar an gcás-staidéar	<p>Taispeántar san aonad seo an dóigh a bhféadfaí Clilstore a úsáid le mic léinn ar chlár fochéime i nGaeilge. Cé gur clár lántumtha é an clár, rud a chiallaíonn go bhfuil an Ghaeilge ar an ngnáthmheán le haghaidh treorach agus riar an chúrsa, bíonn feidhm ag sainmhíniú CLIL fós toisc go mbaineann an t-ábhar is bonn d'aonaid Clilstore a úsáidtear ar an gclár seo le réimsí soch-chultúrtha nach bhfuil eolas ag na mic léinn orthu cheana agus, mar gheall air sin, a bhfuil sé mar ghné díobh foclóir agus réim a bhaineann go sonrach leis an réimse atáthar ag súil go sáróidh na mic léinn.</p>
Earnáil oideachais	Ardoideachas
Próifíl na mac léinn	Le haghaidh úsáide le mic léinn fochéime ar chlár céime Gaeilge a ceapadh an t-aonad seo.
Timpeallacht teangeolaíochta	Lántumadh

CÁS-STAIDÉAR 10	
Oideolaíocht fothacaíochta	CLIL agus Teagasc Cumarsáideach Teanga
Clilstore unit number(s)	http://multidict.net/cs/376
Leibhéal CEFRL (A1-C2)	B1
Teangacha faoi thrácht	Gaeilge
Réasúnaíocht le haghaidh an t-ábhar físe/fuaime/téacs a roghnú	Is oiriúnach atá fad an fhíseáin a thaispeántar agus rinneadh é a léiriú ar chaighdeán ard. Tá agallamh le dochtúir ginearálta ann agus úsáideann an bheirt chainteoirí fuaimniú soiléir agus labhraíonn siad go cruinn. Mar gheall ar an bhformáid agallaimh, tá sé níos suimiúla an píosa a leanúint agus is ábhartha agus faisnéiseach atá an chomhairle a thugann an dochtúir ginearálta, comhairle ina bhfuil foclóir a bhaineann go sonrach leis an topaic.
Ról na n-ábhar tacaíochta a nasctar leo sna haonaid	Tá nasc ag an aonad seo le (1) gníomhaíochtaí cleachtaidh Hot Potatoes chun eolas na mac léinn ar an bhfoclóir a thástáil. (2) blag ar líne i nGaeilge mar ar pléadh an príomhthéama 'Fliú na Muc' sa ghnáth-theanga: agus (3) nasc le ceistneoir leictreonach a thugann an deis do mhic léinn a gcuid tuairimí faoi théama na sláinte poiblí agus an tsláinteachais phoiblí a chur in iúl. (NB: caithfidh múinteoirí atá ag baint leas as an aonad seo a suirbhé féin a chruthú chun na torthaí a fheiceáil, ach tá fáilte rompu an sampla atá curtha ar fáil a chóipeáil).
Torthaí foghlama beartaithe ar an aonad/na haonaid seo a úsáid	Gnóthóidh mic léinn foclóir a bhaineann go sonrach leis an topaic agus forbróidh siad tuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann le rialú agus leathnú na n-eipidéimí fliú. Déanfaidh an t-ábhar eolas a thabhairt do phlé agus do dhíospóireacht ghinearálta faoi shláinte phoiblí agus faoi shláinteachas poiblí agus déanfaidh sé iad a spreagadh agus, dá dhroim sin, beidh mic léinn ábalta bheith bainteach leis an topaic nua agus a fheiceáil conas a fhéadann foghlaim agus úsáid foclóra nua a n-inniúlacht chumarsáide sa teanga a fheabhsú.
Conas a chuirtear aonaid i láthair na mac léinn	Ceapadh an t-aonad seo ar mhaithe le húsáid le mic léinn i gcomhthéacs duine le duine laistigh de shaotharlann ilmheán. Roinntear an nasc leis an aonad tríd an deasc agus tá an deis ag mic léinn rochtain ar an aonad agus oibriú tríd an bhfíseán agus tríd an tras-scríbhinn ar luas a oireann dóibh, agus seiceáil a dhéanamh in Multidict ar fhocail a roghnaíonn siad. Ina dhiaidh sin, pléann an múinteoir an foclóir agus an t-ábhar le mic léinn agus spotseiceálann sé/sí an tuiscint atá ag mic léinn ar an bpíosa. Déanann na mic léinn na cleachtaí a chur i gcrích agus breathnú ar an mblag ansin sula gcomhlánaíonn siad an suirbhé. Tá an suirbhé ceaptha chun meas a dhéanamh ar fhreagairtí na mac léinn do chásanna éagsúla a thástálann an tuiscint atá acu ar an dóigh a ndéantar fliú etc. a leathnú agus a tholgadh. Seiceálann an múinteoir na torthaí beo ansin agus cuireann sé/sí in iúl iad do mhic léinn chun an plé a shíneadh agus díospóireacht ar an topaic a spreagadh.
Toradh ar aon mheasúnú ar an aonad/na haonaid agus ar na ceachtanna lena mbaineann an t-aonad/na haonaid	Is go maith a d'fhreagair mic léinn don cheacht seo sna trialacha. Mheas siad gur bhain an-tairbhe leis an tras-scríbhinn ag a bhfuil nasc le Multidict agus bhain siad taitneamh as díospóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé.

CÁS-STAIIDÉAR 10

Moltaí faoi conas a d'fhéadfaí úsáid a bhaint as dea-chleachtas atá sainaitheanta sa chás-staidéar.

Agus iad á n-úsáid i suíomh teanglainne, déanann aonaid Clilstore ag a bhfuil fuaim/fhiseán agus tras-scríbhinn pointe tosaigh foirfe a chur ar fáil le haghaidh foghlaim chumarsáideach teanga. Trí thopaicí a thabhairt isteach in aonaid Clilstore, soláthraítear modh sármhaith chun ceacht teanga a struchtúru agus chun cothromaíocht a chruthú idir gníomhaíochtaí faoi threoir, amhail bheith ag amharc ar fhiseán/ag éisteacht le fuaim agus ag seiceáil focal in Multidict, agus tascanna duine aonair/grúpa atá bunaithe ar an ionchur tosaigh.

Oireann an t-aonad seo do staidéar neamhspleách freisin.

3 • CONAS AONAD FOGHLAMA CLILSTORE A CHRUTHÚ

Tugann cuspóir dúbailte spreagadh do CLIL, a coincheapadh mar chur chuige maidir le hoideachas ina gcomhcheanglaítear teagasc teanga agus foghlaim ábhair le teagasc na n-ábhar inneachair. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú, sa chéad dul síos, go ngnóthaíonn mic léinn eolas ar ábhar curaclaim agus, sa dara dul síos, go bhforbraíonn siad a n-inniúlacht i dteanga nach í an ghnáth-theanga treorach í [3]].

I gcuid dá dea-chleachtas, baineann CLIL le níos mó ná teagasc teanga agus foghlaim teanga. D'éirigh sí ina cur chuige nuálach oideachais, ina bhfuil tréith leithleach Eorpach ag méadú, agus ag a bhfuil modheolaíocht mar shaintréith. Go bunúsach, is éard atá ina tabhairt isteach ná saincheist shochoideolaíoch toisc gur sa ghnáthphobal agus le páirtithe leasmhara socheacnamaíocha atá an ceann tiomána do CLIL go minic, murab ionann agus forbairtí ó bharr anuas laistigh d'oideachas a fhaightear i gcoitinne [4]. Dá bhrí sin, ceann de na dúshláin atá ann cheana is ea ábhair fhónta spreagthaigh a cheapadh chun CLIL a fhorbairt agus dul i dteagmháil le múinteoirí agus le foghlaimeoirí araon sa mhodheolaíocht sin.

Agus ábhair foghlama dhéachuspóra á gceapadh, baineann ríthábhacht le comhar dlúth idir an speisialtóir teanga agus an speisialtóir ábhair d'fhonn ceapadh agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar ábhair atá fónta ón taobh oideolaíoch de a fhónann don ghnóthú eolais in dhá dhisciplín. Mar gheall ar an bhfíric go bhféadfadh an dá dhisciplín sin - is iad sin, foghlaim teanga iasachta agus an t-ábhar i gceist - brath ar roinnt cur chuige éagsúla maidir le gnóthú eolais agus modheolaíochtaí teagaisc, ní mór don speisialtóir teanga agus don speisialtóir ábhair tascanna agus gníomhaíochtaí foghlama a cheapadh a chomhlánaíonn a chéile, a fhónann don dá chuspóir agus a bhfuil cothromaíocht mhaith eatarthu [5].


Tá roinnt cur chuige teagaisc, amhail foghlaim thascbhunaithe agus foghlaim fhadhb-bhunaithe, i dteannta modheolaíochtaí níos traidisiúnta, ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an dá ábhar i suíomh CLIL.

Is éard atá i bhfoghlaim thascbhunaithe ná gnáth-thascanna a chur i gcrích ach úsáid a bhaint as an sprioctheanga. De ghnáth, díríonn na tascanna sin ar thorthaí nach mbaineann le teanga, murab ionann agus cleachtaí i rang teanga. Díríonn siad ar an mbrí agus ní ar an bhfoirm agus féachann siad le sprioc phraiticiúil a bhaint amach [6]. Maidir le foghlaim fhadhb-bhunaithe, os a choinne sin, bíonn foghlaim á spreagadh ag fadhbanna neamhiata dúshlánacha; glacann mic léinn páirt i ngrúpobair chomhoibríoch, agus is ról mar “éascaitheoirí” in ionad “soláthraithe eolais” a imríonn múinteoirí. Creidtear freisin go ndéanann foghlaim fhadhb-bhunaithe eolas ar an ábhar a fheabhsú agus scileanna cumarsáide agus foghlama féintreoiraithe a fhorbairt [7]. Ar ndóigh, féadtar fadhbanna neamhiata a chur ar ár mic léinn i mórán foirmeacha i gcomhthéacs CLIL. Braitheann sé ar an ábhar atá á cheangal againn le treoir theanga iasachta. Dá bhrí sin, is féidir leis an teicneolaíocht ról mór a imirt sna príomhghnéithe a éascú d'fhonn tasc foghlama a dhéanamh.

Sna codanna seo a leanas, míneoidimid go mionsonraithe conas aonad foghlama a chruthú in **Clilstore** agus conas ceacht CLIL a phleanáil.


3.1 BUNCHÉIMEANNA

Is treoracha céim ar chéim iad seo lena dtaispeántar conas aonad ar líne ag a bhfuil fuaim agus téacs a dhéanamh mar a bhfuil na focail go léir nasctha le foclóirí éagsúla ar líne. Tá teacht ar an aonad atá taispeánta ag <http://multidict.net/cs/780>.




Fíor 11. Aonad 780 agus an focal “array” cliceáilte.

Téigh chuig <http://multidict.net/cilstore> agus cliceáil ar “register”. Ní mór ainm úsáideora agus pasfhocal a roghnú agus d’ainm, do shloinne agus do sheoladh r-phoist a chur ar fáil anois.



Fíor 12. Leathanach cláraithe Clilstore.



Fíor 13. Leathanach na nÚdar i ndiaidh logáil isteach.

I ndiaidh logáil isteach is féidir aonaid nua a chruthú nó eagarthóireacht a dhéanamh ar aonaid reatha (is féidir d’aonaid féin atá ann cheana a scriosadh **X** freisin). Ní mór clliceáil ar “Create a unit” anois.

Cilistore

This is the new wysiwyg editor. You can still edit your unit using the old html editor if you feel safer with this or want to be in full control of your html.

New Cilistore unit Clone as a new unit

Title **1**

Embed code for media or picture (if any) **3** Float **2**

Text **4**

File Edit Insert View Format Table Tools

Format B I [List icons]

Words: 0

Link buttons **5**

Button text	WL New Link	(url or Cilistore unit number)
<input type="text"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="text"/>

Language **6** -Choose-

Learner level (CEFR) **7**

Unspecified A1 A2 B1 B2 C1 C2

The learner level must be specified, or else the unit must be marked as a test unit

Media type: **8**

video
 sound only
 neither

Summary: (1000 character maximum) **9**

Language notes: (1000 character maximum) **10**

Tick if this is still just a test unit, not a production unit **11**

Owner: admin I am the author of the text and material or I have permission to use the text and material. And I agree to the Cilistore [copyleft policy](#).


12 Publish **13**

Cilistore


Fíor 14. Aonad ina bhfuil físeán agus téacs a chruthú in Cilistore.

Tá réimsí éagsúla le comhlánú agus roghanna éagsúla le déanamh ar an leathanach “Create a unit”. Téann na treoracha seo a leanas tríothu ón mbarr go dtí an bun:

1. Title: Ceap teideal cúí don aonad nua.
2. Embed Code > “Float”: Roghnaigh áit a mbeidh an téacs lonnaithe i dtaca leis an bhfráma físeáin/seinnteor fuaim nó le grianghraf.
3. Embed Code: Chun físeán/fuaim a leabú ó Youtube.com, TED.COM, Vimeo.com, Flickr.com, etc. ní mór an rogha “Share and Embed” a aimsiú agus ansin an cód leabaithe iomlán (a bhfuil cód HTML ann) a chóipeáil agus a ghreamú sa réimse “Embed code for video or picture”. Féach sampla ó TED.COM thíos. Is féidir físeán agus meáin eile a leabú san eagarthóir téacs WYSIWYG thíos. Níl ach meáin a iontráiltear sa réimse seo a fhéadann úsáid a bhaint as an rogha “Float”



Fíor 15. Físeán ó TED.COM ag a bhfuil cnaipe “Embed” agus “Show transcript”.



Fíor 16. Cóipeáil an cód i ndiaidh cliceáil ar an gcnaipe “Embed”.

4. Ní mór téacs a chur leis an aonad trí úsáid a bhaint as an bhfuinneog “Text” ina bhfuil eagarthóir WYSIWYG (Faigheann tú a bhfeiceann tú).

Tabhair faoi deara gur cheart líne bhán a bheith idir gach alt chun a chinntiú go bhfuil an téacs soléite. Gheobhaidh tú alt nua sa réimse eagarthóra má bhrúnn tú ar “Enter”. Más mian leat dul chuig líne nua gan alt nua a chruthú, agus na focail in amhráin á scríobh agat mar shampla, brúigh ar “Shift+Enter”.

Tá roinnt suíomhanna Idirlín ann a thugann físeán agus tras-scríbhinní, e.g. <http://www.languages.dk/digital> mar a bhfuil físeáin i roinnt teangacha ar fáil. Sa sampla seo, bainimid úsáid as físeán ó TED.COM, Níl le déanamh ach cliceáil ar an gcnaipe “Show transcript”, “English” a roghnú, agus an téacs iomlán a chóipeáil. Tá roinnt mhaith hipearnasc sa téacs ó TED.COM agus ní mór iad a bhaint sular féidir é a ghreamú isteach san fhuinneog eagarthóra. Féadann sé bheith doiligh gach formáidiú téacs a bhaint, agus is dócha go bhfuil sé ag teastáil ó théacsanna ó TED.COM amháin, ach is cleas simplí é seo a leanas:

- Greamaigh an téacs isteach sa fhráma “Achoimre” faoin eagarthóir,
 - agus ansin roghnaigh an téacs ar fad: Ar ríomhaire Windows, déantar é sin trí bhrú ar “CTRL” agus “a” araon agus, ar ríomhaire Apple, déantar é tríd an eochair “Apple” agus “a” a bhrú ag an am céanna.
 - Gearr an téacs ansin le gur féidir é a ghreamú isteach san eagarthóir. Ar ríomhaire Windows, déantar é sin trí bhrú ar “CTRL” agus “x” araon agus, ar ríomhaire Apple, déantar é tríd an eochair “Apple” agus “x” a bhrú ag an am céanna.
 - Sa deireadh, greamaigh an téacs glan isteach sa réimse eagarthóra: Ar ríomhaire Windows, déantar é sin trí bhrú ar “CTRL” agus “v” araon agus, ar ríomhaire Apple, déantar é tríd an eochair “Apple” agus “v” a bhrú ag an am céanna.
5. Link buttons: Is féidir cnaipí a chruthú a nascann chuig leathanaigh eile Idirlín agus chuig cleachtaí eile. Scríobh teideal gairid sa réimse glas “Button text” agus scríobh an seoladh Gréasáin ar fad sa réimse “Link” (moltar go láidir na seoltaí a chóipeáil is a ghreamú le nach bhfuil aon earráid litrithe ann). Tabhair faoi deara go bhfuil ticbhosca liostaithe “WL” ann. Má tá tic sa bhosca seo, déanfar an leathanach a bhfuil nasc leis a phróiseáil le go mbeidh na focail go léir nasctha le foclóirí ar líne (tabhair faoi deara go bhfuil earráidí ag roinnt leathanach Gréasáin agus, mar sin de, ní oibríonn siad leis an ngné WL).

Button text	WL	Link (url or dlistore page number)
TOOLS Website	<input checked="" type="checkbox"/>	http://languages.dk/tools


Fíor 17. Cnaipe ag a bhfuil nasc le suíomh idirlín TOOLS a dhéanamh, áit a mbeidh na focail go léir nasctha le foclóirí ar líne.

6. Language: Roghnaigh an teanga ón roghchlár anuas.
7. Learner level: Is féidir meastachán a dhéanamh anseo ar an leibhéal cumais atá de dhíth ón bhfoghlaimoir chun tairbhe a bhaint as an aonad. Tá na leibhéil seo bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/cadre1_en.asp).
8. Media type: Roghnaigh idir físeán, fuaim amháin nó gan ceachtar acu a úsáid. Má tá físeán nó fuaim sa leathanach, osclófar réimse nua mar a bhféadfar an fad a chur leis ach úsáid a bhaint as an bhformáid nóiméid:soicindí, e.g. 18:29.
9. Summary: Tabhair achoimre ar ábhar an aonaid anseo. Is féidir le hinnill chuardaigh ar nós Google cuardach a dhéanamh ar an téacs seo. Tá achoimre atá réidh le cóipeáil i bhfíseáin ó TED.COM. Níl le déanamh ach í a chóipeáil is a ghreamú isteach sa “Summary field”.
10. Language Notes: Bain úsáid as an spás seo chun trácht a dhéanamh ar an gcineál teanga ar teagmhaíodh leo san fhíseán leabaithe nó sa chomhad fuaime leabaithe (e.g. foclóir sonrath, blas/canúint, luas an chainteora, soiléireacht na cainte, réim teanga etc.).

11. Tick if this is still just a test unit: Cuir tic anseo más neamhchríochnaithe atá an t-aonad nó más turgnamh é agus, sa chás sin, ná déan dearmad é a chríochnú nó a scríosadh ina dhiaidh sin.
12. Owner: Cuir tic sa bhosca seo le dearbhú go bhfuil cead agat na téacsanna agus na físeáin etc. a úsáid. N.B. Ag an am céanna, cuir in iúl go gcomhaontaíonn tú le “Clilstore copyleft policy” a leanúint. Tá achoimre ar an bpolasaí Copyleft curtha ar fáil.
13. Publish: Cliceáil anseo chun d’aonad nua a roinnt le comhghleacaithe ar fud an domhain.

Sin é: Tá uimhir ag d’aonad anois e.g. 780. Ciallaíonn sé sin gurb é <http://multidict.net/cs/780> an seoladh Gréasáin chuig d’aonad (níl le déanamh ach uimhir d’aonaid a chur in ionad 780).


I ndiaidh aonad a chruthú, is féidir an t-aonad a chur in eagar agus físeáin, grianghraif agus naisc, mar shampla, a chur le leathanaigh eile Ghréasáin nó le haonaid saor in aisce ach “Link Buttons” a úsáid agus an nasc a ghreamú isteach. Chun aonad a chur in eagar, níl le déanamh ach cliceáil ar an deilbhín pionsail ó roghchlár **Clilstore** nó ar bharr aonaid chun tosú ar a chur in eagar.



Fíor 18. Aonad a chur in eagar agus a leasú trí úsáid a bhaint as an eagarthóir WYSIWYG.

3.2 ARDCHÉIMEANNA

I ndiaidh aonad a chruthú, is féidir an t-aonad a chur in eagar mar chód HTML freisin. Ar an mbarrlíne den eagarthóir atá an téacs “This is the new WYSIWYG editor. You can still edit your unit using the old html editor if you feel safer with this or want to be in full control of your html.” Chun dul isteach san eagarthóir HTML, níl le déanamh ach cliceáil ar an nasc “edit your unit using the old html editor”.



Fíor 19. Cleachtadh Cillstore a chur in eagar trí úsáid a bhaint as eagarthóir traidisiúnta HTML.

Tabhair faoi deara go bhfuil an téacs san fhuinneog “Text” formáidithe mar HTML anois. Tosaíonn gach alt le `<p>` agus críochnaíonn sé le `</p>`. Más mian leat focail a chur in eagar/a athrú, bí cúramach gan iad a scríosadh e.g. an `<p>`. Más mian leat alt nua a chur isteach sa téacs, ná déan dearmad nach mór tosú le `<p>` agus críochnú le `</p>`.

Más mian leat grianghraf ó Flickr.com a chur isteach idir dhá alt, cliceáil ar “Share” agus “Grab the HTML/BBCode” ó ghrianghraf in Flickr (is é sin an dóigh a dtairgeann Flickr a chód leabaithe):



Fíor 20. Cód leabaithe samplach ó Flickr.

Is féidir an cód cóipeáilte (agus dá réir sin an grianghraf) a ghreamú sa réimse “Text”, a fhad is go bhfuil sé idir dhá shiombail ailt `</p>` agus `<p>`.

Is féidir an modh oibre céanna a úsáid chun físeán nó comhad fuaimne eile a leabú idir ailt téacs. Agus an t-eagarthóir téacs a úsáid agat, is féidir leat an fheidhm ‘Insert’ a úsáid chun meáin bhreise a chur leis.

3.3 FÍSEÁIN ‘DÉAN FÉIN É’ DO MHÚINTEOIRÍ AGUS DO MHIC LÉINN

Cruthaíodh sraith físeán DFÉ chun tacú le múinteoirí ar mian leo aonaid Clilstore a chruthú agus le mic léinn/foghlaimeoirí ar mian leo an tseirbhís a úsáid go neamhspleách. Tá na físeáin seo ar fáil i ngach ceann de theangacha an tionscadail agus is féidir rochtain orthu trí na naisc thíos a leanúint.

	FÍSEÁIN DFÉ DO MHÚINTEOIRÍ	FÍSEÁIN DFÉ DO MHIC LÉINN
BÉARLA	http://youtu.be/yaiybnAnEuU	http://youtu.be/WjGt5d4AXBs
DANMHAIRGIS	http://youtu.be/2sVai_Qqtc	http://youtu.be/wbpiaBd2imc
SPÁINNIS	http://youtu.be/2CjQ8V0bCj8	http://youtu.be/Mp_aFDC4o24
GAEILGE	http://youtu.be/BB10jBjBAS0	http://youtu.be/bzyFWvvXtw8
GAEILGE NA HAL-BAN	http://youtu.be/fGjZqaHGkis	http://youtu.be/eHnY7X-67vo
PORTAINGÉILIS	http://youtu.be/hyOmWVgtchl	http://youtu.be/Acj0Sb6RrtM
LIOTUÁINIS	http://youtu.be/7sGJ5ULxNKQ	http://youtu.be/mc8oQDp3Slc

Tábla 1. Naisc le físeáin “Déan Féin É” de chuid Clilstore.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Má fheiceann tú aon chineál earráidí in **Clilstore** nó má tá moltaí le haghaidh feabhsúchán agat, cuir r-phost chuig Caoimhín Ó Donnaíle: caoimhin@smo.uhi.ac.uk

Anois agus fios againn conas aonad a chruthú in **Clilstore**, cuirfimid teimpléad in iúl sa chuid seo a leanas ina bhfuil na gnéithe ba cheart a chur san áireamh i gceacht CLIL.

4 • CEACHT CLIL A PHLEANÁIL

Is éard atá sa méid seo a leanas ná teimpléad agus seicliosta chun cabhrú le múinteoirí ceacht CLIL a phleanáil. Agus aonaid á gceapadh do mhic léinn, tá sé inmholta na míreanna seo a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar na torthaí foghlama atá le baint amach.

Ainm:	Ábhar:	Teanga:	Leibhéal:
-------	--------	---------	-----------

Aidhmeanna an cheachta:

Beidh ag mic léinn: eolas ar/ an cumas/ feacht ar, etc.


Aidhmeanna teanga:

An ghramadach agus an gnóthú foclóra atá ag teastáil chun tascanna a chur i gcrích agus chun cabhrú le tuiscint (foclóir, struchtúr abairte, eagar an téacs, ...)

Tacaíocht teanga:

Conas a threoróidh tú na mic léinn maidir le húsáid an L2?

Modh oibre agus modhanna:



Seicliosta

Ar mhachnaigh tú na tosca seo a leanas?

Tosca le machnamh	Mhachn- aigh/Níor Mhachnaigh	Cur síos ar an dóigh a gcuirfear san áireamh sa cheacht é
Ábhar - Torthaí foghlama		
Cumarsáid (grúpaí, beirteanna, piaraí, múinteoir-mac léinn etc.)		
Cognaíocht (modheolaíocht, próisis mheabhrach, ilm- hódúlacht)		
Saincheistanna cultúrtha		
Éilimh theanga agus tacaíocht teanga (gramadach, foclóir, cén uair, cén fáth agus cén dóigh, struchtúr an téacs, eagar an téacs)		
Roghnú na n-ábhar (nithe le húsáid, cén fáth agus cén dóigh)		

Ról an mhúinteora (mic léinn a spreagadh, ionchur a chur ar fáil, tacaíocht a chur ar fáil)		
Ról an mhic léinn (cén dóigh a bhfuil an ceacht seo foghlaim-eoir-láraithe?)		
Scileanna smaointeoireachta (ceisteanna fíorasacha, ceisteanna ‘cén fáth’/‘cén dóigh’, hipitéis, sintéis, réamh-mheas.) An dtacaíonn sé le Smaointeoireacht Ardoird?		
Creat tacaíochta agus cineálacha éagsúla ionchuir/ téacs, fuaime, físeáin etc. (tacaíocht d’ionchur agus d’aschur)		

Tábla 2. Teimpléad agus seicliosta chun ceacht CLIL a phleanáil arna gceapadh ag Cecilia Leboeuf.

5 • TUILLEADH FAISNÉISE

5.1 TORTHAÍ AN TIONSCADAIL

Sa liosta seo a leanas, soláthraítear naisc leis na nithe seo: (i) na trí huirlis ar fáil ag Multidict.net, (ii) an suíomh príomha tionscadail a thugann tús eolais cuimsitheach ar an tionscadal, lena n-áirítear na doiciméid go léir don tionscadal, nuachtlitreacha, faisnéis chúlra faoi na comhpháirtithe agus sonraí faoi thionscadail ghaolmhara; agus (iii) naisc dhíreacha leis na hardáin mheán sóisialta a úsáidtear chun torthaí an tionscadail a leathadh agus pobal úsáideoirí a fhorbairt.

- Clilstore: <http://multidict.net/clilstore>
- Multidict: <http://multidict.net/multidict>
- Wordlink: <http://multidict.net/wordlink>
- Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL – Suíomh Gréasáin: <http://languages.dk/tools/index.htm>
- Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL – Facebook: <http://www.facebook.com/tools4clil>
- Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL – Blag: <http://tools4clil.wordpress.com>

- Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL – Twitter: : <https://twitter.com/tools4clil>
- Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL – LinkedIn: <http://www.linkedin.com/groups/Tools4Clil-4269787>

5.2 ACMHAINNÍ

Measfaidh údair aonaid **Clilstore** na suímh seo a leanas a bheith fíorúsáideach agus aonaid á gcruthú

- TED (Technology, Entertainment, Design) +900 físeán, cuid mhaith acu le tras-scríbhinní: <http://www.ted.com>
- Vimeo, suíomh ar a bhfuil acmhainní físeáin <http://vimeo.com>
- Youtube, suíomh ar a bhfuil acmhainní físeáin: <http://www.youtube.com>
- Ipadio, suíomh ar a bhfuil acmhainní fuaime: <http://ipadio.com>
- eCorner, suíomh ar a bhfuil acmhainní físeáin: <http://ecorner.stanford.edu/popularVideos.html>
- Videojug, suíomh ar a bhfuil acmhainní físeáin: <http://www.videojug.com>

5.3 TUILLEADH LÉITHEOIREACHTA

Sa liosta gairid seo a leanas, tabharfar léargas d'úsáideoirí nua ar an bplé teoriciúil agus ar an tástáil atá mar bhonn agus thaca ag glacadh CLIL.

Coonan, C. M. (2007): Insider Views of the CLIL Class Through Teacher Self-observation–Introspection, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10:5, 625-646.

Coyle, D. (2007): Content and Language Integrated Learning: Towards a Connected Research Agenda for CLIL Pedagogies, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10:5, 543-562.

Coyle, D., Hood, P. & Marsh, D. (2010) CLIL: Content and Language Integrated Learning. Cambridge.

Dalton-Puffer (2007): *Discourse in content and language integrated learning (CLIL) classrooms.* Philadelphia.

Lorenzo, F. (2008): Instructional discourse in bilingual settings. An empirical study of linguistic adjustments in content and language integrated learning, *The Language Learning Journal*, 36:1, 21-33.

5.4 TAGAIRTÍ

1. Commission of the European Communities (2003). Communication No. 449 on Promoting Language Learning and Linguistic Diversity: An Action Plan 2004 – 2006. Available from <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2003:0449:FIN:EN:PDF>. [Retrieved 5/6/2012].
2. Commission of the European Communities (N/A). *Content and Language Integrated Learning*. Available from http://ec.europa.eu/languages/language-teaching/content-and-language-integrated-learning_en.htm [Retrieved 5/6/2012].
3. Eurydice European Unit (2006). *Content and Language Integrated Learning (CLIL) at School in Europe*, p. 22. Available from <http://bookshop.europa.eu/en/content-and-language-integrated-learning-clil-at-school-in-europe-pbNCX106001/>. [Retrieved 4/7/2013].
4. Marsh, D. (2002). *CLIL/EMILE The European Dimension: Actions, Trends and Foresight Potential*. University of Jyväskylä, (Finland) for the European Commission, p. 66. Available from http://ec.europa.eu/languages/documents/doc491_en.pdf. [Retrieved 4/7/2013].
5. Gimeno, A. (2008). *How can CLIL benefit from the integration of Information and Communications Technologies? In Linguistic Insights – Studies in Language and Communication*. Bern: Peter Lang, p. 77-102.
6. Nunan, D. (2004). *An Introduction to Task-based Teaching*. <http://alturl.com/wwt2k> [Retrieved 19/11/2009].
7. Féach [5] thuas.

5.5 GLUAIS

CEFR: Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/source/framework_en.pdf)

CLIL: Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Cód leabaithe: Cód a chuireann breiseán brabhsálaí nó giuirleíd bhrabhsálaí le do leathanach

HOT: Smaointeoireacht Ardoird

Scileanna teanga: An modh ina n-úsáidtear teanga. Tugtar na ceithre scil teanga ar éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht de ghnáth. Is iad labhairt agus scríbhneoireacht na scileanna táirgiúla, agus is iad léitheoireacht agus éisteacht na scileanna glacacha. Is minic a roinntear na scileanna ina bhfoscileanna, ar nós fuaimneanna i gcaint cheangailte a idirdhealú, nó gaolta laistigh d’abairt a thuiscint.

Plean Ceachta: Is éard atá anseo ná achoimre a threoraíonn teagasc ceachta. De ghnáth, áirítear leis aidhmeanna agus cuspóirí; réamhchleachtadh agus súil siar; rannpháirtíocht, staidéar, gníomhachtú teanga (faoi rialú, faoi threoir agus saorchleachtadh); agus measúnú ar an gceacht. I ndea-phlean ceachta, déantar cur síos ar mhodhanna oibre le haghaidh spreagadh mac léinn agus gníomhaíochtaí cleachtaidh, agus sonraítear na hábhair atá ag teastáil.

PBL: Foghlaim Fhadhb-Bhunaithe

Creat tacaíochta: Is é is creat tacaíochta ann ná coincheap atá bunaithe ar an teoiric a mhol Lev Vygotsky, ar a dtugtar 'Zón Neasfhorbartha (ZPD)'. Tá sé ar cheann de na modhanna teagasc is leithne úsáid. Sa mhodh treorach seo, cabhraíonn múinteoir leis an mac léinn ar dtús coincheap nua a fhoghlaim agus tugann sé/sí an cúnamh is mó is féidir. De réir a chéile, socraíonn an múinteoir tascanna níos nuaí a dhéanfaidh mic léinn agus a n-úsáidfidh siad a gcuid eolais go neamhspleách iontu. Is é an chiall litriúil a ghabhann leis an zón neasfhoghlama ná an fad idir ar féidir le leanáí a dhéanamh ina n-aonar agus ar féidir leo a dhéanamh agus duine fásta ag cabhrú leo. Is é is creat tacaíochta ann ná straitéis ina n-ullmhaíonn duine eolasach an mac léinn agus ina ndéanann an múinteoir cur ar fáil ar an bhfaisnéis agus ar an tacaíocht ar fad atá ag teastáil chun ní ar leith a ghnóthú nó a fhoghlaim.

(Sainmhíniú ó <http://www.buzzle.com/articles/scaffolding-in-education.html>)

TBL: Foghlaim Thascbhunaithe

TL: Sprioctheanga

WYSIWYG: Faigheann tú a bhfeiceann tú.

5.6 ADMHÁLACHA



Tá an tionscadal Uirlisí do Mhúinteoirí CLIL á mhaoiniú le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

Léiríonn an foilseachán seo tuairimí na n-údar amháin agus ní féidir an Coimisiún a dhéanamh freagrach as aon úsáid a bhainfí as an bhfaisnéis atá istigh ann.

5.7 COMHPHÁIRTITHE TIONSCADAIL

Institiúid chomhordúcháin:

Syddansk Erhvervsskole Odense-Vejle College (DK)



Institiúidí is comhpháirtithe:

- University of Southern Denmark (DK)
- Universidad Politécnica de Valencia (ES)
- Marijampolės profesinio rengimo centras (LT)
- Universidade de Évora (PT)
- Sabhal Mòr Ostaig (Albain, an Ríocht Aontaithe)
- Ollscoil Uladh (Tuaisceart Éireann, An Ríocht Aontaithe)
- An Cumann Eorpach um Fhoghlaim Teanga Ríomhchuidithe (ar fud na hEorpa)

 <p>SYDDANSK UNIVERSITET</p>	 <p>SABHAL MÒR OSTAIG Ionad Nàiseanta Cànan is Cultar na Gàidhlig</p>
 <p>UNIVERSIDADE DE ÉVORA</p>	 <p>EUROCALL</p>
 <p>University of ULSTER</p>	 <p>UNIVERSITAT POLITÀCNICA DE VALÈNCIA</p>
 <p>MPR MARIJAMPOLĖS PROFESINIO RENGIMO CENTRAS MARIJAMPOLĖ VOCATIONAL EDUCATION AND TRAINING CENTRE</p>	